Fear an Phobail
UM PINSIN

# Achoimriú Cásanna **2008**



Fear an Phobail
UM PINSIN

**Ráiteas Misin**

Is é an misean atá againn fiosrúchán agus cinneadh a dhéanamh, ar mhodh neamhspleách agus neamhchlaonta, ar ghearáin agus ar dhíospóidí maidir le scéimeanna pinsean ceirde, le Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSPanna) agus le Conarthaí Blianachta Scoir Iontaobhais ("CBSanna Iontaobhais")

**OIFIG FHEAR AN PHOBAIL UM PINSIN**
**36 SRÁID AN MHÓTA UACHTARACH**
**BAILE ÁTHA CLIATH 2**
**TEILEAFÓN (01) 647 1650**
www.pensionsombudsman.ie

***Tá an foilseachán seo ar fáil i gcló mór ar iarratas***

## ACHOIMRE NA gCÁSANNA

Innéacs Leathanach


*Réamhrá* 2
*Srianta na gCoimisinéirí Ioncaim ar Shochar Báis* 3
*Aistriú RDBanna go Meas-Seirbhíse* 3
*Earráidí maidir le Rátaí Blianachta* 5
*Infheistíocht Sochar a Aistríodh Isteach - Sócmhainní DC i gCiste DB* 6
*Méadú ar Thagarmharcáil maidir le hIar-Státseirbhíseach a Fheidhmiú* 9
*Teidlíocht ar Shochar Comhtháite versus Teidlíocht ar Shochar Neamhchomhtháite* 10
*Íocadh Ranníocaíochtaí ar feadh níos mó ná 40 bliain ach teorainn 40 bliain ar íocaíochtaí sochair* 11
*Moill maidir le hÍocaíocht Sochair* 13
*Moill maidir le Pinsean a Bhunú* 14
*Díospóid faoi Chinneadh maidir le Luathscor* 16
*Dáileachán Sochar Báis-i-Seirbhís* 17
*Ní sháraíonn luathscor rialacha maidir le Tionscnamh Scoir Speisialta* 18
*Loiceadh Roghanna a Fhógairt* 20
*Cuimsiú i Scéim Pinsin go héagórach - Idirghabháil Riail Caomhantais* 22
*Loiceadh Scar-rogha a Cheadú* 23
*Easláinte agus Luathscor* 25
*Sochair a Choinneáil i ndiaidh Cumasc Cuideachta* 28
*Ar lorg seanteidlíochta ar shochar iarchurtha* 29
*Mídhilsiú Sochar* 30
*Tnúthán Earráideach* 32
*Íocaíocht Phinsin Fhorlíontaigh* 34
*Pinsean Céile Iníoctha le Baintreach Scartha* 34
*Fabhrú Tapa sa tSeirbhís Phoiblí* 35
*Ceannachán Meas-Seirbhíse – Earráidí sna Comhairimh* 36
*Inríofacht seirbhís ex-quota sa tSeirbhís Phoiblí* 37
*Diúltú duine a ghlacadh i Scéim Sochair Shainmhínith* 37
*Diúltú scéime sochar a íoc i ndiaidh ballraíocht 20 bliain* 38
*Aisíoc fóirdheontais íoctha i ndáil le neamh-inphinsineacht liúntais* 39
*Ní chuimsíonn sainchúram Fhear an Phobail um Pinsin dámhachtain chúitimh* 40

*CÁSANNA MAIDIR LE TIONSCAL NA TÓGÁLA* 42

- *Cuireadh brú ar fhostaí bheith féinfhostaithe* 44
- *Sochar Báis Neamhíoctha - Loiceadh Fostaitheora Cinneadh a Chomhlíonadh* 44
- *Sochar Báis Neamhíoctha - Íocann an Fostaitheoir* 44
- *Téann fostaitheoir siar ar Ghealltanas maidir le hÍocaíocht - Forfheidhmiú de dhíth* 44

## *Réamhrá*

De réir an nós a chleachtaigh mé ó bhunú na hOifige i 2003, tá mé ag foilsiú Achoimre na gCásanna a ghabhann leis an Tuarascáil Bhliantúil don bhliain 2008. Tá dhá chúis le foilseachán Achoimre na gCásanna. An chéad chúis is ea go gceadaíonn sé dóibh siúd atá bainteach le riarachán na scéimeanna pinsin raon na ngearán ar cóir déileáil leo a fheiceáil. An dara chúis is ea go dtugann Achoimre na gCásanna léiriú níos follasaí ar chineál na hoibre a dhéantar san Oifig agus go gcuireann sé cruth na beatha ar na staitisticí lom atá sa Tuarascáil Bhliantúil.

Go deimhin is é an mórchuspóir atá léi bunachar an eolais ghinearálta á bhaineann le réimse a bhíonn thar bheith casta in amanna a mhéadú.

Seo a leanas sonraí as breis is 30 cás as na 639 gcás a dúnadh anuraidh. Tugann siad mionléargas dúinn ar raon leathan na gceisteanna idir shimplí agus chasta ar déileáladh leo, mar atá earráid nó míthuiscint shimplí, míchiall a baineadh as rialacha, agus ceisteanna casta dlí agus achtúireacha. Tá an Oifig seo agamsa sásta na tosca a bhaineann le haon cás faoi leith a phlé i bprionsabal, ar choinníoll nach sáraítear an rúndacht ná nach gcuirtear an príobháideachas i mbaol.



**Paul Kenny**
**Fear an Phobail um Pinsin**

Mí an Mheithimh 2009

### *Srianta na gCoimisinéirí Ioncaim ar Shochar Báis*

Bhain an gearán seo le neamhíocaíocht líomhanta maidir le cuid de shochar báis-i-seirbhís. Ba mhac leis an gcomhalta scéime básaithe a rinneadh an líomhain agus ba sheiceadóir a eastáit é freisin. Tugadh cuid den sochar báis árachaithe d'eastáit an chomhalta bhásaithe ach níor íocadh chuid an-mhór den chion a bhí fós gan íoc. Rinneadh réamhscrúdú agus thaispeáin sé go raibh malartú cumarsáide idir aturnaetha an fhostaitheora agus aturnaetha an tseiceadóra. Tarchuireadh an cás le haghaidh Réiteach Aighnis Inmheánach. Ar an drochuair níor chomhlíon na hiontaobhaithe an ceangal maidir le teorainn ama reachtúil trí mhí i ndáil le heisiúint Fógra Cinnidh. Nuair a eisíodh ar deireadh thiar é áfach ba shoiléir gur ó rialacháin na gCoimisinéirí Ioncaim a d'eascair an srianadh ar íocaíocht an tsochair bháis. Faoi na rialacháin sin is é a cheithre oiread luach saothair deiridh an chomhalta bhásaithe móide aisíoc luach a ranníocaíochtaí féin an t-uasmhéid is féidir a íoc saor ó cháin mar cnapshuim faoi scéim pinsin cheirde. I gcás go mbíonn aon suim de bhreis ar an méid seo i gceist ní mór úsáid a bhaint aisti chun aiscí a cheannach do chleithiúnaithe. Os rud é nach raibh aon chleithiúnaithe i gceist sa chás seo d'éiligh na Coimisinéirí Cánach méid fháltais an tsochair árachaithe a bhí fós gan íoc a thabhairt ar ais don fhostaitheoir, agus cáin a ghearradh air mar a dhéanfaí le hadmháil trádála.

Bhreithnigh mé nach raibh gá le haon bheart breise seachas míniú a thabhairt don ghearánaí agus dúnadh an cás.

### *Aistriú RDBanna go Ceannachán Meas-Seirbhíse*

Líomhnaíodh sa ghearán seo go ndearna comhalta scéim phoiblí RDB ordú a airgead a aistriú go Ceannachán Meas-Seirbhíse (CMS) faoin bpríomhscéim agus nach ndearna na hiontaobhaithe dá réir.

Léirigh imscrúdú gurbh é an fostaitheoir ar iarratas ón gcomhalta agus nárbh é an comhalta féin, a d'ordaigh an t-aistriú a dhéanamh. D'éiligh na hiontaobhaithe an comhalta ina cháil mar úinéir tairbhiúil an chiste ordú sonrach a dhéanamh. D'éiligh siad freisin go gcuirfeadh an comhalta a ainm faoi dhoiciméad dearbhaithe a shásódh na hiontaobhaithe go raibh sé lánfheasach ar na himpleachtaí. Iarrtar san fhoirm ar an

bhfreagróir ar míníodh dó gach a mbaineann le hairgead tirim saor ó cháin, le Ciste Scortha Ceadaithe, etc; fiafraítear den chomhalta ar ghlac sé le comhairle airgeadais sula ndearna sé cinneadh.

Is é fáth an éilimh seo nach féidir aistriú go CMS a chúlgairm ach é bheith déanta. Níl aon dul siar.

Ó tharla go ndearna an gearánaí líomhaintí go raibh cliste ar na hiontaobhaithe comhoibriú a dhéanamh maidir le haistriú arna bheartú, bhreathnaigh lucht an imscrúdaithe ar thaifid na n-iontaobhaithe ina raibh líon suntasach dá leithéid d'aistrithe doiciméadaithe. Sa chás gur chomhlíon an comhalta éileamh na n-iontaobhaithe maidir le horduithe scríofa, ba ghnách na horduithe maidir le haistriú a chur ar aghaidh chuig bhainisteoirí infheistíochta an lá céanna nó an lá ina dhiaidh.

Nochtaigh taifid a chuir an riarthóir ar fáil go ndeachaigh an gearánaí i dteagmháil leo ach gur chinn sé ar deireadh thiar gan an t-aistriú a dhéanamh de bhrí gur dhóigh leis go gcaillfeadh sé airgead dá réadódh sé a chiste RDB siocair choinníollacha an mhargaidh ag an am sin.

Dhiúltaigh mé don ghearán agus dúirt nach raibh aon tuiscint agam ar cén fáth gur cuireadh gearán chuig an Oifig seo sé seachtaine i ndiaidh cinneadh a bheith déanta gan an t-airgead a aistriú. Ba dheacair dom a chreidiúint go raibh an gearánaí go hiomlán freagrach as iompar a bhí, de réir cosúlachta, míréasúnta agus shílim nach bhfuil aon mhíniú eile ar an scéal ach gur spreag tríú páirtí é chun an gearán a dhéanamh.

**TRÁCHT: Ó tharla nach bhfuil aon dul siar ar chinneadh maidir le haistriú go CMS, tá údar dóthanach le héileamh na n-iontaobhaithe ar dhoiciméadú chun rian na haistrithe a chur ar taifead, toisc nár chóir gurbh iad a bheadh freagrach as cinntí pearsanta comhaltaí, bíodh na cinntí sin déanta le tuiscint shoiléir ar impleachtaí an chinnidh, ar na teorainneacha a chuireann na Coimisinéirí Ioncaim ar airgead saor ó cháin agus ar an gceart chun RDBanna a infheistiú mar Chiste Scortha Ceadaithe nó ná bíodh. Ba chóir d'iontaobhaithe a dhéanann aistrithe dá leithéid a bheith cinnte faoi nach bhfuil méid na gcistí a**

**aistrítear níos mó ná acmhainn an chomhalta seirbhís bhreise a cheannach faoin socrú CMS de bhrí nach chun sochair an chomhalta a bheidh aon chistí breise nuair a bheidh an t-aistriú déanta.**

**Is rogha an-luachmhar ceannachán meas-seirbhíse a chuirtear ar fáil do chomhaltaí ach ní oireann sé do riachtanas gach duine agus i gcásanna áirithe tharlódh nach mbeadh fáil air, fiú mar rogha. Is cúis imní dom gur féidir comhaltaí scéime a chur ar mhíthreo sa chaoi is go ndéanfadh siad aistriú nach rachadh chun sochair dóibh.**

**Sa chás áirithe seo chinn mé gur thug an riarthóir comhairle don chomhalta a bhí mícheart, toisc gur cuireadh Ciorchlán áirithe i gcúrsaíocht trínar aistríodh na rialacha maidir le ceannach blianta breise trí chnapshuim ach nach fuair riarthóir na scéime cóip de. Níl sé sásúil gur féidir rialacha na príomhscéime ina leithéidí seo de chásanna a athrú gan aon fhógra a chur chuig iontaobhaithe ná chuig riarthóirí an chórais RDB shocraithe a fheidhmíonn taobh le taobh leis an bpríomhscéim mar is cinnte go mbeidh fadhbanna ann dá bharr. Is ábhar seo a dhéanann difear ní hamháin don scéim áirithe atá i gceist sa ghearán seo ach don tseirbhís phoiblí ina hiomláine.**

## *Earráidí maidir le Rátaí Blianachta*

Thart ar mhí amháin sula raibh na 65 bliana slánaithe aici rinne gearánaí socruithe lena chur in iúl do na riarthóirí go raibh sí ar tí éirí as. Tugadh roghanna di agus dúradh gurbh fhéidir léi cnapshuim saor ó cháin de €22,515 a fháil móide blianacht de €2,485.56 in aghaidh na bliana. Mar chuid de sin bhí pinsean baintreach fir a bheadh iníoctha ar bhás i ndiaidh scoir. Dúradh léi go bhfaigheadh sí an chéad íocaíocht an 1 Meán Fómhair 2007 agus cuireadh in iúl di an ráta ab iníoctha in aghaidh na míosa. I litir a fuair sí ó na riarthóirí trí mhí ina dhiaidh sin áfach tugadh mar eolas di go raibh ráta an phinsin 3.24% níos ísle ná mar a dúradh i dtosach.

Chuaigh an Oifig seo i dteagmháil leis na riarthóirí leis an gcás a fhiosrú agus cuireadh in iúl dúinn go raibh an ráta blianachta a tairgeadh di ráthaithe ar feadh 10 lá. Ní fuair na riarthóirí an fhaisnéis maidir le tuarastal agus seirbhís ó na fostaitheoirí go

dtí 18/10/07. Dearbhaíodh nach raibh na rátaí blianachta a bhí i bhfeidhm ag an am chomh fabhrach agus na rátaí a bhí luaite i mí Iúil 2007.

Cé gur chuir an gearánaí seo tús leis an bpróiseas scoir i mí Iúil 2007, d’fhulaing sí caillteanas airgid siocair na droch-chumarsáide idir na cuideachtaí lena mbaineann agus siocair easpa crostagartha.

Mhol an Oifig do na riarthóirí seasamh leis an ráta blianachta ab airde agus a pinsean a athshlánú dá réir ionas go bhfaigheadh sí €2,486 siardátaithe go dtí Meán Fómhair 2007. D’aontaigh siad leis an moladh sin.

## *Infheistíocht Sochar a Aistríodh Isteach - Sócmhainní DC i gCiste DB*

Bhí an cás seo idir lámha ar feadh ceithre bliana sular thángthas ar réiteach maidir leis; a chastacht is a bhí na ceisteanna agus líon mór na bpáirtithe ar bhain an cás leo ba chúis leis an moill ach cúis shuntasach eile ba ea nár chomhoibrigh iontaobhaithe na scéime lena mbaineann i dtosach agus, nár chomhoibrigh riarthóirí gairmiúla na scéime leis an Oifig a fhaid is a bhí an cás ar siúil.

D’aistrigh an gearánaí ón Ríocht Aontaithe, áit a raibh sochair phinsin choimeádaithe aige go dtí fostaitheoir Éireannach. Bhí ballraíocht sa phlean sochair sainmhínithe Éireannach éigeantach. Chinn sé ar a shochair choimeádaithe a aistriú go dtí an plean sochair Éireannach ach níor phlé sé na himpleachtaí ná na téarmaí ná na coinníollacha a bhain lena leithéid sin d’aistriú leis an bhfostaitheoir ná le riarthóir an phlean ná leis na hiontaobhaithe sular chuir sé an t-aistriú in éifeacht. Nuair a fuair sé a ráiteas sochair don bhliain 2001 ní raibh aon trácht ann faoi na cistí a aistríodh. D’fhiosraigh sé é sin agus fuair ina dhiaidh sin ráiteas athbhreithnithe a léirigh na sochair phlean chéanna ach go raibh fo-nóta ag gabháil leo a thug le fios gur íocadh luach aistrithe i Lúnasa 2000. I ndiaidh dó breis soiléirithe a lorg dúradh leis:

*“Soláthróidh na haistrithe ó na pleananna pinsin a bhí agat cheana do shochair phinsin bhreise faoin bplean [nua]. I gcás báis i seirbhís íocfar ar ais méid luach an aistrithe ab ionann le ranníocaíochtaí fostaithe.”*

Dúirt an gearánaí: "*Thuig mé uaidh seo go raibh na cistí ceangailte leis an ngnáthphlean pinsin agus shíl mé go raibh gach rud ina cheart*".

Ó tharla go raibh an t-airgead infheistithe i bplean infheistíochta sainmhínithe arb é an fostaitheoir a théann i bpriacal maidir le baol na hinfheistíochta ghlac sé leis go mbeadh a shochair aistrithe sábháilte. Níor tháinig sé chun solais go dtí 2004 nach ar bhonn ranníocaíocht sainithe (DC) (arb é an comhalta a théann i bpriacal maidir le baol na hinfheistíochta) a bhí sé infheistithe, cé gur chinnte go raibh an luach aistrithe infheistithe i gciste scéim DB, agus nach mbeadh aon rud le rá ag an ngearánaí maidir le cén chaoi a n-infheisteofaí é. Is i ndiaidh dó a fháil amach go raibh creimeadh measartha ar luach na sochar a rinne sé gearán.

Ní rachaidh mé isteach i sonraí an imscrúdaithe ach a rá gur chuir freagraí malla neamhiomlána na n-iontaobhaithe agus na riarthóirí agus i gcásanna áirithe easpa freagra bac air, go háirithe i dtosach. D'fheabhsaigh an chumarsáid leis na hiontaobhaithe a thúisce a chuir iontaobhaí gairmiúil (nach riarthóir é) lámh sa scéal. Seo mar a sheas cúrsaí i ndiaidh an fhiosrúcháin:

- Ghlac mé leis nuair a tharmlig na hiontaobhaithe ról an riaracháin don riarthóir gur ghníomhaigh siad laistigh dá gcumhachtaí agus gur chóir gurbh fhéidir leo beith muiníneach as a leithéid de sholáthraithe gairmiúla na ceangail reachtúla a bhain le cúrsaí cosúil le nochtadh agus le hobair chothabhála ar thaifid a chomhlíonadh. É sin ráite níorbh fhéidir leis na hiontaobhaithe a *bhfreagracht* as cúrsa dá leithéid a tharmligean. Chlis ar an riarthóir eolas dóthanach agus soiléir a chur ar fáil agus ceisteanna an ghearánaí a fhreagairt agus is de bharr sin a bhí seisean ar neamheolas maidir le cineál fírinneach luach na hinfheistíochta a d'aistrigh sé faoin scéim. Dá bhrí sin níorbh fheasach dó aon rud maidir lena chosaint ar phriacal agus maidir lena riachtanaí is a bhí sé monatóireacht a dhéanamh ar an gceist seo agus b'fhéidir rud a dhéanamh fúithi.

- Bhí an riarthóir faillíoch sa mhéid is nár ardaigh sé go dtí 2004 ceist na n-impleachtaí agus an bhaoil a ghabh le sochair DC a choinneáil laistigh de phlean DB. Bhí mé imníoch faoi nach raibh taifead cuí coinnithe maidir leis an modúl

DC laistigh den phlean DB sna Tuarascálacha Bliantúla agus go mb'fhéidir nach raibh cuntas ceart maidir leis sna hathbhreithnithe achtúireacha. In éagmais fhreagra an riarthóra ar fhiosruithe na hOifige maidir le cúrsaí dá leithéid i rith an imscrúdaithe áfach níorbh fhéidir liom bheith cinnte faoi an raibh údar leis an imní a bhí orm nó nach raibh.

- D'eisigh an riarthóir fógra chuig chomhaltaí an phlean a raibh aistrithe isteach acu ag tabhairt cuireadh dóibh na sochair a bhí aistrithe isteach acu a aistriú go dtí socrú DC a bhí in úsáid le haghaidh ranníocaíochtaí deonacha. B'uafásach an teachtaireacht í; dúradh inti go gcinnteodh sé go mbeadh tosaíochta ag na sochair aistrithe sin sa chás go bhfoirceannfaí an scéim, rud nach raibh fíor ar chor ar bith.

- Ghlac mé leis go raibh na hiontaobhaithe den tuairim go raibh bac curtha orthu freagra a thabhairt ar roinnt de na ceisteanna a chuir an Oifig orthu de bhrí nach raibh siad in inmhe doiciméid éagsúla a fháil ón riarthóir agus de bhrí nach raibh tromlach na n-iontaobhaithe a bhí anois ann i seilbh oifige tráth a ndearnadh an cinneadh i 2000 luach aistrithe an ghearánaí a infheistiú de réir na straitéise infheistíochta a bhí infheidhme i leith an phlean sochair shainmhínithe. Leis an bhfírinne a rá ní raibh aon fhianaise ann go ndearnadh cinneadh ach ba chosúil gur tharla sé trí réamhshocrú. Níorbh aon scaoileadh é sin do na hiontaobhaithe ón oibleagáid eolas maith a bheith acu ar an bplean agus a bheith freagrach as a bhainistiú iomchuí.

- Ní raibh aon fhianaise ann go ndearna na hiontaobhaithe machnamh cuí maidir le cén chaoi a n-infheisteofaí na haistruithe isteach. Shílfeá gur ábhar é seo ar chóir don riarthóir (a bhí ina chomhairleoir pinsin freisin don fhostaitheoir) a ardú leis na hiontaobhaithe agus dul i gcomhairle leo mar gheall air ach níor léirigh ceachtar de na páirtithe go ndearnadh aon mhachnamh faoin gceist seo. Ní fuair mé aon locht ar an straitéis infheistíochta *per se* – ach ba chosúil nach raibh próiseas ann chun straitéis infheistíochta a bhí oiriúnach don bhallraíocht agus do chineál na ndliteanas a bhí le bainistiú a mheas agus a ghlacadh agus fuair mé locht ar an easpa sin.

- Shíl mé freisin go raibh na hiontaobhaithe faillíoch san athbhreithniú a rinne siad i 2004 ar bhainistíocht na n-aistrithe isteach. Nuair a cuireadh ar an airdeall iad maidir leis an "bhfadhb" a bhí ann ranníocaíochtaí sainmhínithe a choinneáil laistigh de phlean sochair sainmhínithe i 2004, chuathas i mbun gnímh chun an fhadhb a réiteach don todhchaí. Ach ní raibh aon fhianaise ann gur smaoinigh na hiontaobhaithe gur féidir gur fhulaing na comhaltaí caillteanas airgid de thoradh na dóighe a riaradh na sochair a bhí aistrithe isteach go n-uige sin.

Ba é mo Chinneadh Deiridh sa chás seo gur fhulaing an gearánaí caillteanas airgid faoin bPlean de bharr míriaracháin agus go raibh sé i dteideal sásamh a fháil agus léirigh mé modh a ríomhfaí sin. Ba é thart ar €17,500 an caillteanas deireanach. Shíl mé áfach gur chóir go nglacfadh an gearánaí cuid den fhreagracht as na fadhbanna a tháinig chun cinn os rud é gurbh é a shocraigh an t-aistriú gan soiléiriú a lorg maidir leis an mbonn ar a nglacfaí leis. D'ordaigh mé €15,000 a thabhairt dó mar chúiteamh agus iontaobhaithe an phlean agus an riarthóir a bheith páirteach ar bhonn cothrom sa tsocraíocht airgid.

### *Méadú ar Thagarmharcáil maidir le hIar-Státseirbhíseach a Fheidhmiú*

Bhí an gearánaí éirithe as an Státseirbhís le fada an lá. I ndiaidh dó éirí as oifig aistríodh go dtí cuideachta faoi úinéireacht an Stáit an bhrainse sin den Státseirbhís ina raibh sé fostaithe. Iarradh ar an gcuideachta riarachán agus íocaíocht na bpinsinéirí uile a bhí ag fáil íocaíochtaí ón Roinn ag an am sin a ghlacadh uirthi féin. Ba leis an Aire Airgeadais i gcónaí an dliteanas maidir le híocaíochtaí. Ag gníomhú di ar ordú scríofa ón Roinn ábhartha mhéadaigh an chuideachta pinsean an ghearánaí in imeacht na mblianta i gcomhréir leis na méaduithe ar thuarastal do bhaill foirne a bhí ag fónamh laistigh den chuideachta. Ba phróiseas stairiúil é seo ar ábhar díospóide é don ghearánaí a d'áitigh gur chóir a phinsean a mhéadú de réir gluaiseachtaí pá laistigh den Státseirbhís féin.

Bhí sé lántuisceannach faoi go mb'fhéidir go bhfuair sí ró-íocaíocht phinsin i gcomórtas leis na rátaí pá sa tSeirbhís Phoiblí ar feadh tréimhse fada ach shíl sé gur chóir go

mbeadh a phinsean ag teacht leis an ráta pá sa tSeirbhís Phoiblí. Mar sin bheadh sé i dteideal gradam "*Tagarmharcála"* na bliana 2003.

Mhair an t-imscrúdú ar feadh i bhfad agus ina dhiaidh rinneadh an Roinn Airgeadais cinneadh go raibh dé de cheart ag an ngearánaí íocaíocht ab ionann agus íocaíocht Státseirbhísigh a fháil, toisc nár aistrigh sé riamh go dtí an Chuideachta mar fhostaí sular éirigh sé as obair.

Um an dtaca sin bhí a ré istigh ag riaráistí na n-íocaíochtaí tagarmharcála agus ba mhórán mar a chéile iad leis na ró-íocaíochtaí a rinne an Chuideachta thar na blianta. Rinne mé cinneadh gur chóir go n-íocfadh an Scéim leis an ngearánaí an difear idir na híocaíochtaí chomhiomlána a fuair sé ó d'éirigh sé as agus an t-iomlán ba chóir dó a fháil agus a ghnáthphinsean a mhéadú dá réir.

B'fheasach dom go mbeadh impleachtaí airgeadais ar an Scéim siocair an méadú seo a thabhairt don ghearánaí; bhí an Scéim dócmhainneach ag an am agus ba dhóigh go mbrostódh an méadú an dócmhainneacht. D'éiligh mé mar sin go ndéanfadh na Ranna lena mbaineann cibé socruithe ba ghá lena chinntiú nár chuir íocaíocht an mhéadaithe seo leis an ngearánaí leis an easnamh idir na dliteanais achtúireacha agus sócmhainní iomlána an chiste.

De réir mo thuisceana bhí an cás seo leithleach sa mhéid is gur áitigh an gearánaí go seasta gach tráth gur chóir go n-íocfaí é i gcomhréir lé gráid na Seirbhíse Poiblí fiú sa chás gurbh é a leas íocaíocht a fháil ar bhealach eile.

## *Teidlíocht ar Shochar Comhtháite versus Teidlíocht ar Shochar Neamhchomhtháite*

Líomhain an gearánaí gur dhúirt an fostaitheoir ionchasach leis tráth a chuaigh sé faoi agallamh le haghaidh an jab go raibh plean pinsin neamhchomhtháite le sochar sainmhínithe á riar ag an gcuideachta. D'éirigh leis an jab a fháil agus glacadh isteach i seirbhís an fhostaitheora é roinnt míonna ina dhiaidh sin.

San idirlinn áfach rinne athrú ar bhunús an phlean phinsin le haghaidh daoine nuaghlactha agus rinneadh plean comhtháite de. Dúirt an gearánaí nuair a glacadh

isteach i seirbhís é nár dúradh leis gur tharla an t-athrú seo agus ghlac sé leis gur ar bhonn neamhchomhtháite a bhí an teidlíocht pinsin aige.

Líomhain an gearánaí nach bhfuair sé amach go dtí roinnt blianta ina dhiaidh sin tráth ar tugadh ráiteas sochair dó gur ar bhonn comhtháite a bhí sé cuimsithe sa phlean. D'áitigh sé go raibh súil aige le sochar pinsin neamhchomhtháite ag éirí as ar dúradh leis tráth a ndeachaigh sé faoi agallamh agus gur tharla an t-agallamh sula ndearnadh an t-athrú ar an mbunús ar a raibh an plean pinsin ag feidhmiú agus gurbh é an chiall a bhí le baint as an gcreidmheas a tugadh dó maidir le hiarsheirbhís bhreise gur luaithe an dáta a thosaigh sé sa tseirbhís ná dáta an athraithe.

Rinne an Oifig athbhreithniú ar an ngearán agus chinn go raibh sé as am de bhrí gur luaithe an dáta ar glacadh isteach sa scéim pinsin é ná an dáta is luath a cheadaítear dom breathnú siar faoi Acht na bPinsean.

Dhiúltaigh mé dlínse a ghlacadh ach mhínigh oifigeach na hOifige don ghearánaí nár athraigh an creidmheas meas-seirbhíse a tugadh dó an dáta ar glacadh isteach sa scéim é; nár thug an fostaitheoir aon ordú do na hiontaobhaithe a shochair a mhéadú thar mar a foráladh faoi na rialacha; gur ar bhonn tuarastal comhtháite a bhí na ranníocaíochtaí don scéim ríomhtá; go raibh ráitis sochair faighte aige thar na blianta a léirigh go soiléir a theidlíocht ar an mbonn sin. Fiú mura raibh an gearán as am ní chreidim gurbh fhéidir liom seasamh leis.

## *Íocadh Ranníocaíochtaí ar feadh níos mó ná 40 bliain ach teorainn 40 bliain ar íocaíochtaí sochair*

Thosaigh an gearánaí ag obair sa státseirbhís nuair a bhí sé 17 mbliana d'aois. Nuair a bhí sé thart ar 21 bhliain d'aois chuaigh sé go dtí eagraíocht eile san earnáil phoiblí ina raibh scéim pinsin ranníocach i bhfeidhm. Thug sé ranníocaíochtaí don scéim ar feadh níos mó ná naoi mbliana sula ndeachaigh sé isteach sa státseirbhís in athuair. Ag an am sin ar chomhairle ón eagraíocht d'aistrigh sé a sheirbhís ón scéim ranníocach. Faoin am ar éirigh sé as i 2007 nuair a bhí 65 bliana slánaithe aige bhí cuideachta thráchtála státurraithe déanta den réimse sin den státseirbhís ina raibh sé fostaithe agus bhí 48 mbliana agus 45 lá de sheirbhís ináirithe curtha isteach aige.

Bhí uasteorainn 40 bliain de sheirbhís ináirithe i bhfeidhm maidir le ríomh pinsin agus dá bhrí sin d'iarr an gearánaí go n-íocfaí ar ais dó luach 8 mbliana and 45 lá de ranníocaíochtaí a thug sé do scéim ranníocach na hearnála poiblí. Dhiúltaigh Iontaobhaithe na scéime ranníocaí glacadh leis an iarratas. D'áitigh siad agus an ceart acu nuair a d'aistrigh sé a sheirbhís ar éirí as obair dó nach raibh aon dliteanas orthu níos mó maidir le haon sochair i leith pinsin. Dhearbhaigh an chuideachta thráchtála státurraithe nach raibh aon fhoráil sa scéim pinsin acu maidir le haisíoc ranníocaíoch le scéim ranníocach na hearnála poiblí.

Níorbh aon rud arbh fhéidir liom a dhéanamh ar son an ghearánaí sa chás seo. Bhí sé scríofa go soiléir i rialacha na scéime gur ar bhonn uasteorann 40 bliain seirbhíse a ríomhtar sochair agus níl aon fhoráil iontu maidir le haisíoc ranníocaíochtaí a nglactar leo ar feadh tréimhse os cionn 40 bliain.

Ardaíonn an cás seo ceist thábhachtach áfach. Níl sé neamhchoitianta go mbíonn os cionn 40 bliain seirbhíse curtha isteach ag fostaithe sa tseirbhís phoiblí a éiríonn as nuair a bhíonn 65 bliana slánaithe acu. Ní bhíonn sé de rogha ag na fostaithe seo ranníocaíochtaí a chealú nuair a bhíonn an leibhéal seirbhíse sroichte acu a gcuireann i dteideal an uas-phinsin iad. Ní mór don fhostaí leanúint leis na ranníocaíochtaí a fhaid is a bhíonn sé/sí ag obair sa tseirbhís phoiblí.

Níl na ranníocaíochtaí seo in-aisíoctha agus ní bhfaighidh an fostaí aon sochar ó na ranníocaíochtaí iomarcacha.

Is tuairim choitianta go bhfuiltear fial le hairgead sna scéimeanna aoisliúntais agus meastar gur luach maith ar airgead na ranníocaíochtaí a íocann fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Is scéimeanna neamh-mhaoinithe scéimeanna pinsin na Seirbhíse Poiblí go ginearálta agus níl na sochair a chuirtear ar fáil ag am scoir maoinithe go díreach ag na ranníocaíochtaí a íocann fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Cúis amháin go bhfuil íocaíocht ranníocaíochtaí iomarcacha sa tseirbhís phoiblí éigeantach is ea go mbaineann costas suntasach le soláthar na sochar leordhóthaineach.

Bíonn pinsin agus aoisliúntais scoir sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne bunaithe ar an bpá ag am scoir agus is gnách i gcás formhór na ndaoine gurb ionann sin agus na rátaí pá

is airde a fuair siad i rith a saol oibre. Is ceart go n-íocfadh an fostaí ranníocaíochtaí atá bunaithe ar an bpá atá inphinsin iarbhír. I bprionsabal má íoc fostaí ranníocaíochtaí ar feadh níos mó ná daichead bliain is iad na ranníocaíochtaí a íocadh ag tús a s(h)aol oibre atá iomarcach agus is dóigh go bhfuil siad an–bheag i gcomórtas le hiadsan a íocadh ag deireadh a s(h)aol oibre.

É sin ráite tarlaíonn sé go n-éiríonn fostaithe sa tseirbhís phoiblí as obair ar phinsean iomlán agus ina dhiaidh sin agus go dtéann siad i mbun oibre sa tseirbhís phoiblí in athuair, go minic go páirtaimseartha, ar bhonn sealadach nó ar bhonn ionadaíoch agus ní mór dóibh ranníocaíocht pinsin a íoc nach dtugann aon teidlíocht dóibh choíche agus is toradh é sin ar an bpolasaí teorainn 40 bliain a chur ar sheirbhís chreidiúnaithe.

Ós rud é go bhfuil sláinte agus ionchas saoil an phobail i gcoitinne ag feabhsú tá níos mó daoine toilteanach agus in inmhe leanúint leo ag cur an taithí agus an t-eolas atá gnóthaithe acu chun tairbhe an fhórsa oibre. Ní fheidhmíonn íocaíocht shainordaitheach ranníocaíochtaí iomarcacha mar dhreasacht dóibh siúd arbh fhéidir leo leanúint ag obair de réir mar a théann siad in aois. B'fhéidir nach mór na himthosca a athrú amach anseo más rud é go mbeimid ag iarraidh daoine atá ag dul in aois a spreagadh chun fanacht san fhórsa oibre nó chun filleadh ar an bhfórsa oibre.

### *Moill maidir le hÍocaíocht Sochair*

Bhain an gearán le moill sochair phinsin a íoc agus an caillteanas airgeadais a lean as. D'éirigh an gearánaí as ag deireadh mí na Bealtaine 2007 agus d'inis don riarthóir roimh an dáta sin an chaoi ab fhearr leis a shochair scoir a fháil agus thug ar lámh na dearbhuithe uile ba ghá maille le sonraí bainc.

Fuair sé cnapshuim saor ó cháin i mí Iúil 2007 ach níor dúradh leis go raibh Ranníocaí Deonacha Breise (RDBanna) cuimsithe sa mhéid a fuair sé. Cuireadh moill ansin ar an íocaíocht mhíosúil phinsin a bhí dlite dó.

Ghlac an Oifig leis an ngearán i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus chuamar i dteagmháil le riarthóirí na scéime d'fhonn gnéithe an ghearáin seo a fhiosrú. Is i mí Dheireadh Fómhair 2007 a rinneadh an t-iarratas tosaigh ar eolas. Ní fuair mé an t-

eolas a bhí mé a iarradh áfach go dtí mí Mheán Fómhair 2008 (tar éis cuimse mheabhrúchán a sheoladh san idirlinn). Ní féidir glacadh leis an moill seo ar fhreagra ó na riarthóirí ach thug sé taca dá raibh le rá ag an ngearánaí maidir le moilleadóireacht agus neamhéifeachtacht an riarthóra.

San fhreagra a fuarthas ón riarthóir ar deireadh thiar mhaígh sé go raibh an íocaíocht phinsin a luadh i dtús níos lú ná an pinsean iarbhír a baineadh amach dó. D'admhaigh siad an mhoill maidir leis an bpinsean a chur i bhfeidhm agus thug míniú ar conas ar tharla sin.

D'áitigh siad nárbh fhéidir an pinsean a íoc níos luaithe siocair an fhaid a thóg sé a ranníocaíoch dheireanach a phróiseáil, aonaid a cheannach agus ansin an ciste pinsin a dhí-infheistiú. Dúirt siad gurb é fáth an mhéadaithe ar an bpinsean iarbhír go ndearnadh a raibh fágtha sa chiste scoir a ath-infheistiú leis an mbainisteoir infheistíochta.

Rinneadh na riarthóirí tairiscint ansin mar réiteach iomlán agus deiridh ar an gcás agus ghlac an gearánaí leis an tairiscint.

Más amhlaidh go mbeidh an riarthóir áirithe seo – is gnóthas an-mhór atá ann - bainteach le cásanna amach anseo breithneofar ar chuí dul i mbun ionchúisimh i ngeall ar loiceadh géilliúint a thabhairt d'iarratais reachtúla ar eolas laistigh de na teorainneacha ama a cheadaítear faoi Acht na bPinsean.

## *Moill maidir le Pinsean a Bhunú*

Fuarthas an gearán seo i mí Dheireadh Fómhar 2007. D'éirigh an gearánaí as obair i Samhain 2000. Dúirt sé le riarthóir na scéime gur theastaigh uaidh pinsean saoil singil gan fhormhéadú, a bheadh iníoctha ar bhonn míosúil roimh ré agus ráthaithe ar feadh 5 bliana.

Fuair sé a chnapshuim saor ó cháin i 2001 agus d'áitigh sé gur dúradh leis go n-infheisteofaí fuíoll an airgid. Chuaigh sé i dteagmháil leis an riarthóir i 2005 agus dúradh leis gur scríobhadh roinnt litreacha chuige in imeacht na mblianta ach deir

seisean nach bhfuair sé iad. Cuireadh in iúl dó go raibh sé i dteideal €32 in aghaidh na seachtaine ar feadh na 6 bliana a chuaigh thart roimhe sin gan íocaíocht.

Seoladh seic luach €28,353.60 (a raibh fágtha sa chiste) a chuimsigh íocaíocht ródheireanach chuig riarthóir na scéime i mí an Mheithimh 2004.

I mBealtaine 2006 – thart ar dhá bhliain ó shin – thug an riarthóir an seic ar ais agus d'iarr sé go n-ath-infheisteofaí an t-airgead i bpinsean an ghearánaí. De bhrí gur próiseáladh an ciste mar chuid d'éileamh scoir ní raibh an chuideachta árachais in ann an t-airgead a athinfheistiú agus d'eisigh sí an seic ina dhiaidh sin chuig an riarthóir in athuair.

Dúirt urlabhraí na cuideachta árachais lena mbaineann leis an oifig seo go ndearnadh athbhreithniú ar chás an ghearánaí agus nach rabhthas sásta leis na ríomhanna. Rinneadar athbhreithniú cuimsitheach ar an gcás.

I mí Lúnasa 2007 chuaigh an chuideachta árachais i dteagmháil leis an riarthóir d'fhonn deimhniú a iarraidh maidir le méid an úis ar na híocaíochta ródheireanaí a cuireadh leis an airgead a bhí fágtha i gciste an ghearánaí. I litir eile mhínigh an riarthóir gur shíl sé gurbh ar an gcuideachta árachais a bhí an fhreagracht as íocaíocht na blianachta nach raibh faighte ag an gcomhalta idir 2001 agus 2004. Dheimhnigh an riarthóir nár briseadh an dara seic ó Bhealtaine 2006 agus nár bunaíodh aon bhlianacht don ghearánaí. Dúirt an chuideachta árachais gur ghlac siad leo gurb iadsan a bhí freagrach go páirteach as an moill maidir le híocaíochtaí blianachta an ghearánaí a bhunú agus i gcúiteamh air sin gur mhéadaigh siad an t-ús ar an íocaíocht ródheireanach a d'íoc siad. Seoladh seic luach €31,254 chuig an riarthóir i mí Dheireadh Fómhair 2007 agus bhí cuimsithe ann ús €4,625 ar íocaíocht ródheireanach. Dá thoradh sin bhíothas in ann pinsean an ghearánaí luach €32 in aghaidh na seachtaine a bhunú agus é a iardhátú go Samhain 2000. Tar éis ús a chur leis na gálaí a fuarthas níos túisce íocadh suim chomhlán de €13,500 leis an ngearánaí (€10,750 i ndiaidh cánach).

Ba é tuairim na hOifige gur chomhoibrigh an chuideachta árachais ar bhonn gníomhach sa chás seo leis an bhfiosrúchán agus gur thug siad an cás i gcúram

láithreach d'fhonn réiteach a fháil air. Bhí iompar an riarthóra féin arbh é an bróicéir sa chás seo freisin míchúramach agus ba náireach an mhaise dó é.

## *Díospóid faoi Chinneadh maidir le Luathscor*

Bhí an cás seo ina ábhar d'fhiosrúchán an-fhada a ndearnadh Cinneadh Deiridh ina dhiaidh.

Líomhain an gearánaí gur cuireadh brú air cinneadh a dhéanamh luathscor a ghlacadh i gcúrsa clár iomarcaíochta a d'eagraigh an fostaitheoir agus ag breathnú siar air mheas sé gurbh fhearr as dó dá bhfágadh sé leis an bhfostaíocht ag an am agus dá gcuireadh sé siar na sochair. Agus is é an fáth gurbh fhearr as dó go raibh an pinsean luathscoir comhordaithe leis an bPinsean Stáit agus go mbeadh sochar iarchurtha neamh-comhordaithe. Mhaigh sé gur chlis ar riarthóirí na scéime eolas a d'iarr sé a thabhairt dó sula ndearna sé cinneadh.

Tháinig sé chun solais i gcúrsa an fhiosrúcháin go raibh an gearánaí páirteach i gclár iomarcaíochta a bhí beartaithe bheith oscailte ar feadh trí bliana iomlána agus gur éirigh sé as obair thart ar 16 mí i ndiaidh dáta tionscnaimh an chláir, go raibh socrú RDB an-sofaisticiúil aige a bhí ceaptha an luach is fearr a fháil as a scéim pinsin, agus gurbh é an príomhfháth gur roghnaigh sé an dáta scoir cosc a chur ar aon mhéaduithe breise ar an bPinsean Stáit difear a dhéanamh dá scéim pinsin.

Tugadh faoi deara sa chinneadh deiridh go bhfuair sé méideanna sochair measartha mór thar an tréimhse a raibh sé i gceist aige a phinsin a chur siar agus gur thairbhigh sé d'íocaíochtaí iomarcaíocha reachtúla nach bhfaigheadh sé dá bhfágadh sé fostaíocht mar a mhaígh sé anois go raibh déanta aige.

Chinn mé nárbh fhéidir liom déileáil le himthosca a bhí go hiomlán tuairimeach "*What if*" – Cad a tharlódh dá mba rud é go riabh cinntí eile déanta agus glacana dá leithéid. Chinn mé nach raibh aon bhrú air éirí as an uair a d'éirigh agus go raibh an dá chomparadóir "*comparators*" a bhí luaite ag a ionadaithe fostaithe i ndáiríre ag cuideachta dhifriúil nár ghlac páirt sa scéim a bhí i gceist.

Níor seasadh leis an ngearán.

**TRÁCHT: Gné shuntasach an cháis seo ab ea idirghabháil ar son an ghearánaí de chomhghleacaí a bhí éirithe as obair agus arbh iontaobhaí na scéime i gceist é san am atá thart. Roghnaigh sé freagra a thabhairt ar an réamhthuairim a d'eisigh mé agus ba léir gur ardaigh sé an cás lena chomhiontaobhaithe san am atá caite. Bhí orm a chur in iúl dó go raibh sé ceangailte ag an gcinneadh a raibh sé ina pháirtí ann mar iontaobhaí fiú murar aontaigh sé leis ag an am agus nárbh fhéidir leis é a dhiúltú níos deireanaí. Bhí an idirghabháil míchuí amach is amach.**

## *Dáileachán Sochar Báis-i-Seirbhís*

Sa chás seo bhásaigh comhalta na scéime pinsin le linn dó bheith i bhfostaíocht. Bhí sochar Báis-i-Seirbhís iníoctha.

Bhí an gearánaí i gcaidreamh fadtéarmach leis an gcomhalta básaithe agus ba mháthair í dá iníon. Bhí deireadh leis an gcaidreamh ag am a bháis agus bhí sé ina chónaí lena mháthair. Bhí caidreamh aige lena iníon i gcónaí áfach agus ba dhlúth an caidreamh é.

D'fheidhmigh na hiontaobhaithe an chumhacht lánroghnach a bhí acu an sochar Báis-i-Seirbhís a dháileadh. Dhámh siad 50% den sochar do mháthair an chomhalta agus 50% don iníon.

Shíl an gearánaí go raibh cinneadh na n-iontaobaithe leataobhach. Bhí sí den tuairim nach ndearna na hiontaobhaithe aon iarracht dul i gcomhairle léi a bhí ina caomhnóir ag páiste an chomhalta bhásaithe, ná eolas a lorg ó thríú páirtí sula ndearna siad cinneadh maidir le dáileachán an tsochair bháis.

Níl sé de chumhacht agam cinneadh a dhéanamh agus é a chur in áit chinneadh a rinne na hiontaobhaithe faoi chumhacht lánroghnach. Tá dualgas orm áfach cinneadh a dhéanamh faoi ar úsáideadh an chumhacht lánroghnach ar mhodh cuí agus cé acu an ndearna na hiontaobhaithe an cinneadh a rinne siad ar mhodh ceart ó thaobh nós

imeachta de nó nach ndearna. Más amhlaidh nár chloí na hiontaobhaithe leis na nósanna imeachta cuí ní bheadh sé de rogha agam de réir na cumhachta teoranta a bhí agam ach an cás a chur ar ais chucu le hathbhreithniú a dhéanamh air agus úsáid a bhaint as cibé cumhdaigh a mholfainn dóibh.

Le linn dom an cás a bhreithniú cheadaigh mé Rialacha na Scéime. Foráladh sna Rialacha sin gur chóir na sochair a íoc ar ais le cleithiúnaithe an chomhalta in éagmais uachta nó cumarsáide scríofa chuig na hiontaobhaithe ina raibh pearsana ar mhian leis go mbreathnódh siad orthu mar fhaighteoirí na sochar a bhí dlite dó (nó litir mhéine mar is fearr aithne uirthi) ainmnithe. Ó tharla nach raibh aon uacht ná aon litir mhéine ann sa chás seo chinn na hiontaobhaithe an sochar a dháileadh ar cleithiúnaithe an chomhalta.

Bhí na hiontaobhaithe i dteideal glacadh leis gur comhchleithiúnaí a bhí i máthair an chomhalta bhásaithe a raibh sé ina chónaí léi tráth ar bhásaigh sé. Cé nach ndeachaigh na hiontaobhaithe gcomhairle leis an ngearánaí ar mháthair í don páiste cleithiúnach chinntigh siad mar sin féin gur fíor go raibh an comhalta básaithe ag íoc a chion as costais chothabhála an pháiste. Chomh fada agus a bhí na hiontaobhaithe sásta go raibh siad ar an eolas maidir le cleithiúnas an pháiste agus go raibh bealach acu chun an t-eolas sin a fháil ní raibh aon oibleagáid fhollasach orthu dul i gcomhairle leis an ngearánaí.

Sna himthosca bhí mé sásta gur chleachtaigh na hiontaobhaithe an cúram agus an aire a bhí dlite nuair a rinne siad an cinneadh agus níor sheas mé leis an ngearán.

## *Ní sháraíonn luathscor rialacha maidir le Tionscnamh Scoir Speisialta*

Bhí fáil ag roinnt fostaithe san earnáil sláinte ar scéim speisialta darb ainm an Tionscnamh Réamhscoir. Ní mór d'fhostaithe incháilithe bheith os cionn 55 bliana d'aois agus 20 bliain de sheirbhís inphinsin a bheith slánaithe acu. Bhí rochtain ar an scéim teoranta. Tráth ar cuireadh tús léi i 1997 bhí an scéim teoranta do 600 fostaí thar thréimhse thrí bliana.

D'oibrigh fostaithe ar glacadh leo sa scéim ar bhonn comhroinnt poist ar feadh cúig bliana ar an méid sular éirigh siad as obair agus níor mhór dóibh éirí as obair nuair a bheadh a ré istigh ag an tréimhse chomhroinnt poist agus nach déanaí ná an lá a mbeadh 60 bliain slánaithe acu. Faoin scéim meastar an tréimhse chomhroinnt poist mar sheirbhís lánaimseartha chun críche aoisliúntais.

Glacadh an gearánaí isteach sa scéim sa chás seo le héifeacht ón lá a bhí 55 bliana slánaithe aici. Tugadh le fios di nár mhór di éirí as nuair a bhí 60 bliain slánaithe aici agus dá mba rud é gur fhill sí ar fhostaíocht lánaimseartha nó gur fhan sí i bhfostaíocht tar éis na 60 bliain a bheith slánaithe aici go ríomhfaí an tseirbhís a ndearnadh faoin tionscnamh mar sheirbhís chomhroinnt poist murab ionann is seirbhís lánaimseartha, chun críche aoisliúntais.

De thoradh imthosca nach rabhthas ag súil leo bhí ar an bhfostaí éirí as sula raibh 60 bliain slánaithe aici. Chuir an fostaitheoir a bhí aici san earnáil sláinte in iúl di go raibh téarmaí an Tionscnaimh Réamhscoir curtha ó bhail aici agus nár mhór a seirbhís faoin scéim a mheas mar sheirbhís chomhroinnt poist nuair a bhí a sochair scoir á ríomh.

Ní mó ná sásta a bhí sí leis sin agus rinne sí achomharc maidir leis an gcinneadh chuig an bhfostaitheoir. Dúirt an fostaitheoir léi gur dheimhnigh an Roinn Sláinte agus Leanaí go raibh téarmaí na scéime curtha ó bhail aici trí éirí as sula raibh 60 bliain slánaithe aici cé nach bhfuilim cinnte gur thuigeadar i gceart sa Roinn an ceist a cuireadh. Ag an bpointe seo rinne an gearánaí teagmháil leis an Oifig agus sheol isteach an doiciméadú ábhartha uile lena n-imscrúdú.

Ós rud é nach raibh aon rud sa doiciméadú nó i dtéarmaí na scéime a thabharfadh le fios go gcuirfeadh scor roimh 60 bliain d'aois téarmaí na scéime ó bhail chuaigh an Oifig i dteagmháil leis an Roinn Sláinte agus Leanaí chun an cás a fhiosrú. Bhreathnaigh an Roinn ar an gcás in athuair agus ina dhiaidh sin dheimhnigh siad go ríomhfar an tseirbhís chomhroinnt poist mar sheirbhís lánaimseartha sa chás go mbíonn fostaí i seirbhís faoi thionscnamh réamhscoir agus go n-éiríonn an fostaí sin as obair gan an clár a chríochnú (.i. sula mbí 60 bliain slánaithe aige/aici).

Cuireadh in iúl don ghearánaí agus dá fostaitheoir dá réir go raibh an cás réitithe sular ghá dom fiosrúchán foirmeálta a thionscnamh.

## *Loiceadh Roghanna a Fhógairt*

D'fhág an gearánaí an fhostaíocht agus chuaigh sí i dteagmháil leis an riarthóir a bhí ar an scéim ag an am sin le ráiteas a fháil maidir le teidlíocht pinsin agus dúradh léi a rogha a dhéanamh de 3 rud, sochar iarchurtha, aistriú go scéim fostaitheora nua nó aistriú go banna ceannaigh-thar-barr-amach. Sa chéad ráiteas a fuair sí cúpla lá ina dhiaidh sin léiríodh trí rogha agus thug le tuiscint ann go mb'fhéidir go raibh rogha eile a bheadh oscailte do dhaoine os cionn 50 bliain d'aois. De bhrí go raibh sí sa chatagóir sin d'iarr sí sonraí maidir leis an gceathrú rogha – sé sin, luathscor láithreach. Sa dara ráiteas a eisíodh mí ina dhiaidh sin ní raibh aon rogha maidir le luathscor luaite.

Sheol an Chuideachta Árachais ina raibh an t-airgead infheistithe ráiteas amach arna dhátú dhá sheachtain níos deireanaí ina raibh luaite na roghanna a bhí aici ag an bpointe ama sin maidir le pinsean/cnapshuim; eisíodh in éindí leis foirm maidir le rogha aibíochta chuig an riarthóir. Ba é €19,018 luach iomlán an chiste ag an am. Ní raibh aon trácht sa ráiteas maidir leis an rogha "*beagthábhachta"* [*] i leith airgead tirim faoi réir cánach ach b'shin ceann de na roghanna a bhí ainmnithe ar an bhfoirm aibíochta. Is cosúil gur sheol an riarthóir an ráiteas chuig an ngearánaí ach nár sheol sé an fhoirm maidir leis an rogha agus nár chuir sé ar an airdeall í maidir leis an bhféidearthacht cnapshuim faoi réir cánach a fháil ar fhoras beagthábhachta.

Líomhain an gearánaí ós rud é nach raibh rath ar a hiarrachtaí treoir nó cúnamh a fháil ón riarthóir go ndeachaigh sí i dteagmháil díreach leis an árachóir agus gur dhúirt sí leis gur mhian léi áis a bhaint as an gcnapshuim láithreach agus as rogha an phinsin laghdaithe. Níorbh fheasach di ag an am go raibh sé de rogha aici cnapshuim faoi réir cánach a fháil in áit an phinsin iarmharaigh. Chuir sí ar fáil do na hárachóirí cóip dá teastas breithe agus chuaigh siadsan i mbun gnímh chun aon sonraí eile a theastaigh a fháil díreach ón bhfostaitheoir. Taobh istigh de sheachtain sheol siad iarratas ar

[*] Tá rogha faoi rialacha na gCoimisinéirí Cánach trínar féidir pinsin bheaga a aistriú go hairgead tirim faoi réir cánach más iomchuí.

fhaisnéis agus foirm rogha aibíochta chuig an bhfostaitheoir. Ní léir gur cuireadh an conradh a rinne na páirtithe eile eatarthu féin in iúl don riarthóir.

In áit freagra a thabhair don árachóir tharla sé gur sheol an fostaitheoir freagra pras chuig an riarthóir, ar chosúil nárbh fheasach dó go raibh an gearánaí ag feidhmiú an rogha scoir a bhí aici. Líomhnaíodh nach ndearna an riarthóir dada maidir leis an gcás ar feadh dhá mhí. Dhearbhaigh an riarthóir ansin nach raibh aon deimhniú faighte aige maidir le rogha an ghearánaí agus dúirt sé léi go raibh rogha amháin eile arbh fhéidir léi machnamh a dhéanamh faoi – an rogha um pinsean beagthábhachta a bhí liostaithe ar an bhfoirm aibíochta bhunaidh. Ghlac an gearánaí leis an rogha sin ansin agus chuir na hiontaobhaithe a n-ainmneacha faoi fhoirm an rogha aibíochta ceithre lá ina dhiaidh. Chuir an riarthóir isteach chuig an árachóir é agus d'íoc seisean an sochar; ba é €16,600 a luach iomlán ag an am.

Tar éis cuimse cheisteanna a ardú leis an riarthóir agus leis an árachóir sa chás seo fuair mé freagraí cuimsitheacha. Rinne an t-árachóir tairiscint de €800 mar chúiteamh. Níor míníodh bunús na tairisceana agus mar sin níorbh fhéidir leis an Oifig seo tuairim a nochtadh maidir le cé acu arbh fhéidir í a mheas mar réasúnach nó nárbh fhéidir.

Ba é an dearcadh a bhí agam ar an gcás go raibh an gearánaí os cionn 50 bliain d'aois ag an am a d'fhág sí seirbhís; bhí luach a ciste láithreach níos lú ná €20,000. Ba chóir roghanna luathscoir a thabhairt di (ar a n-áirítear cnapshuim faoi réir cánach ar fhoras beagthábhachta) ó thús an phróisis. Níor chór níos mó ná sé seachtaine a ligean thairis gan iadsan a chur in iúl di. Bhí sé cruthaithe aici go ndeachaigh sí go pras i mbun gnímh nuair a rinne sí rogha maidir le sochar agus nuair a chomhlánaigh sí foirmeacha faofa na n-iontaobhaithe. De thoradh a bhfuil luaite thuas creidim go bhfuil sé réasúnach a mheas gurbh fhéidir an íocaíocht sochair a thabhairt di ní ba phraise dá mba rud é gur nochtadh di na roghanna a bhí aici ina n-iomláine i dtosach báire.

Sa chás seo b'ionann an caillteanas airgid agus an difríocht idir luach an chiste i lár mhí na Samhna 2007 agus an luach de €16,600 a íocadh ag deireadh mí Eanáir 2008. Thairg na hárachóirí socrú feabhsaithe agus bhí an gearánaí sásta glacadh leis.

## *Cuimsiú i Scéim Pinsin go héagórach - Idirghabháil Riail Caomhantais*

Fuarthas gearán thar ceann triúr fostaithe ó oifigeach ceardchumainn a líomhnaigh go raibh siad cuimsithe go héagórach i bplean pinsin. Deimhníodh faoi mhion gur dúradh leis na fostaithe trí earráid go raibh ballraíocht sa phlean ina choinníoll den fhostaíocht. Líomhnaíodh freisin gur admhaíodh go raibh an bhallraíocht deonach tráth ar chuir grúpa fostaithe eile i gcoinne chineál éigeantach bhallraíocht na scéime níos deireanaí. Ansin d'iarr na gearánaithe go n-íocfaí ar ais dóibh na ranníocaíochtaí a baineadh as a bpá. Faoin am seo bhí dhá bhliain imithe thart ó am a n-ionduchtaithe sa scéim agus dúradh leo nárbh fhéidir na ranníocaíochtaí a íoc ar ais dóibh mar gheall ar cheangail caomhantais faoi Acht na bPinsean; cé gurbh fhéidir leo an scéim a fhágáil anois níorbh fholáir go mbeadh seasamh caomhnaithe ag na sochair a fabhraíodh go n-uige seo. Spailpíní fánacha a bhí sna fostaithe lena mbaineann.

Chinn mé nár chóir fiosrúchán foirmeálta a dhéanamh maidir leis an ngearán ós rud é go raibh sé soiléir ó na páipéir a cuireadh ar fáil go ndearna an fostaitheoir botún agus gur admhaigh sé é sin. Ba é an fhadhb a bhí fós gan réiteach nárbh fheasach don fhostaitheoir agus do na hiontaobhaithe cén chaoi arbh fhéidir teacht slán ó iarmhairtí na hearráide de bhrí go raibh Acht na bPinsean ag teacht trasna gach réitigh ó tharla go raibh na gearánaithe ina gcomhaltaí sa scéim ar feadh tréimhse níos faide ná dhá bhliain agus go gceanglaítear dá bharr go gcaomhnófar sochair fiú dá scoradh siad ina dhiaidh sin de bheith ina gcomhaltaí sa scéim.

Tar éis dom athbhreithniú a dhéanamh ar na páipéir a cuireadh ar fáil in éindí leis na gearáin thug mé breith air mar cheist dlí agus chinn mé nárbh fhéidir ó cheart na gearánaithe a chuimsiú sa scéim pinsin mar chomhaltaí murar chuir siad a thoiliú i bhfocal. Ní raibh aon fhianaise ann go raibh na foirmeacha iarratais le haghaidh ballraíochta i scéim pinsin comhlánaithe acu agus mar sin ba chosúil go raibh an toiliú in easnamh. Bhí fianaise ann freisin gur chuir na gearánaithe i gcoinne a n-ionduchtaithe bunaidh sa scéim agus nár aontaigh siad go dtí gur chuir an fostaitheoir uiríoll chucu go raibh an bhallraíocht ina coinníoll den fhostaíocht, áitiú ar admhaigh an fostaitheoir anois go raibh sé mícheart.

Chinn mé freisin mar bhreith ar cheist dlí nárbh fhéidir leis an bhfostaitheoir agus nár chóir dó ranníocaíochtaí a bhaint de phá na ngearánaithe gan toiliú a fháil uathu i bhfocail. Ní raibh aon fhianaise ann gur tugadh a leithéid de thoiliú. Fiú má tugadh ba de thoradh mífhaisnéise a bheadh sé faighte.

Dhealraigh sé gur dhóighiúil gurbh fheasach an fostaitheoir cheana féin roimh deireadh na bliana 2006 nach raibh ballraíocht sa scéim ina choinníoll d'fhostaíocht maidir leis na gearánaithe. Ós amhlaidh a bhí sé, dá gcuirtí ranníocaíochtaí ar fionraí roimh deireadh Nollag 2006 ní raibh an cheist maidir le caomhnú sochair faoi Acht na bPinsean tagtha chun cinn riamh agus d'fhéadfaí an cheist a réiteach sa mhéid ar a laghad go bhféadfaí ranníocaíochtaí a aisíoc leis na gearánaithe nuair a d'fhág siad an fhostaíocht. D'ordaigh mé an fostaitheoir na ranníocaíochtaí a íoc ar ais tríd an bpárolla.

## *Loiceadh Scar-rogha a Cheadú*

Bhain an cás le spailpín fánach eile san fhostaíocht chéanna a luadh sa chás roimhe seo. Ba é a bhí i gceist anseo go raibh an gearánaí seo ar saoire tráth ar tugadh cead do roinnt dá comhghleacaithe tarraingt as an bplean pinsin agus dá bhrí sin níor aisíocadh a ranníocaíochtaí léi ag an am céanna is a ndearnadh i gcás na ndaoine eile.

I dteachtaireacht a sheol feidhmeannach cuideachta amháin chuig fheidhmeannach eile bhí trácht ar "*dhuine nó beirt de na fostaithe a bhí ar saoire agus go mbeadh [ainm duine aonair] ag caint leo faoi na roghanna atá acu maidir le tarscaoileadh ar filleadh ar obair dóibh".*

Is cosúil nach ndearnadh sin riamh agus nuair a d'fhiosraigh an gearánaí an íocaíocht a bhí dlite di is cosúil gur dhiúltaigh an chuideachta an íocaíocht a íoc ar an mbun *"go raibh an cás dúnta"*.

Dúradh freisin sa ríomhphost a fuarthas níos luaithe: *"Tá ceangailte leis seo agam freisin liosta de na ranníocaíochtaí iomlána a d'íoc gach fostaí infheidhme agus beidh mé ag iarraidh go mbeidh siad seo dí-infheistithe ón gciste agus go n-íocfar ar ais iad lúide cháin le gach duine de na fostaithe".* Bhí sé beartaithe ordú a thabhairt

do phárolla agus deireadh a chur láithreach le hasbhaintí pinsin. Is léir nach ndearnadh sin i gcás an ghearánaí ós rud é gur leanadh leis ag baint ranníocaíochtaí di.

Scríobh mé chuig an bhfostaitheoir agus chuir mo thuairim in iúl gur cóir go gcaithfí leis an ngearánaí díreach mar a caitheadh lena comhghleacaithe agus gan í a phionósú mar gheall air go raibh sí as láthair an t-am a tugadh an rogha dóibh maidir le tarscaoileadh ballraíochta sa scéim pinsin.

D'aontaigh an fostaitheoir go rachadh sé ar aghaidh ar an mbunús sin agus gheall sé freisin go gcinnteodh sé go mbeadh sé ráite i gconarthaí fostaíochta amach anseo, nuair ba chuí, go raibh ballraíocht i scéim pinsin na cuideachta ina choinníoll fostaíochta.

**Trácht: Sa chomhthéacs seo is mór mo bhá leis na fostaithe lena mbaineann agus sílim gur trua an scéal go gciallaíonn ceangail láithreacha Acht na bPinsean go dtarraingeoidh siad as scéim pinsin nuair is féidir leo, agus i gcásanna áirithe fiú, go bhfágfaidh siad an fhostaíocht laistigh de dhá bhliain d'fhonn a chinntiú go bhfaighidh siad aisíoc ranníocaíochtaí. Níl se seo bisiúil agus bhéinnse buartha faoi go dtarlódh sé i gcásanna áirithe go dtarraingeodh fostaithe as scéimeanna pinsin a bhfuil sochair Báis-i-Seirbhís ag gabháil leo agus nach mbeadh aon teidlíocht ag a gcleithiúnaithe sa chás go mbásfadh siad.**

**San aighneacht a rinne mé maidir le Páipéar Glas na bPinsean mhol mé gur chóir eisceacht a dhéanamh maidir le daoine nach náisiúnaigh iad de stát i Limistéar Eacnamaíoch na hEorpa agus nár chóir go mbeadh feidhm ag caomhnú i ndáil lena leithéidí go dtí go raibh ballraíocht cúig bliana curtha isteach acu i scéimeanna pinsin. Dá gcuirtí an moladh seo i bhfeidhm bheadh aon duine a d'fhágfadh fostaíocht laistigh de cúig bliana i dteideal aisíocaíocht na ranníocaíochta a d'íoc sé/sí nó a íocadh ina leith, faoi réir cánach ar choinníoll go bhfágfadh siad slán go deo le hÉirinn agus nach gcoinneodh siad aon cheart cónaithe.**

**Níl a fhios agam cén dearcadh a bheidh ag na húdaráis ar an moladh seo ach b'fhearr liom go pearsanta go mbeadh spailpíní fánacha clúdaithe le scéimeanna**

**pinsin a fhaid is a fhanann siad anseo gan aon cheangal a bheith orthu sochair a chaomhnú tráth a d'fhágfadh siad an tír. An fhadhb a bhaineann le caomhnú sochar beaga is ea gur dóighiúil nach n-éileofar iad choíche agus fiú má éileofar go n-íocfar iad i dtír nach bhfuil aon chomhaontú ag an tír seo léi maidir le híoc dúbailte cánach agus go mbeidh costas breise ar an bpinsinéir de bharr an aistrithe go hairgeadra áitiúil ar bhonn tráthrialta.**

## *Easláinte agus Luathscor*

D'fhulaing an gearánaí taom croí i mí an Mheithimh 2002 agus dá bharr sin agus fadhbanna leanúnacha sláinte eile chuaigh sé ar saoire bhreoiteachta. Bhí sé ag fáil pá saoire bhreoiteachta suas go dtí 30 Meán Fómhair 2003. I mí Lúnasa 2003 chuir sé isteach ar íocaíocht phinsean luathscoir easláinte ón scéim pinsin.

I mí na Samhna 2003 dúirt an Fhostaitheoir nach rabhthas chun an pinsean luathscoir easláinte a iarradh a dheonú. Fuair an gearánaí tacaíocht óna Cheardchumann agus fuair ionadaíocht dhlíthiúil lena chois agus rinne sé agóid in aghaidh an chinnidh seo.

Deich mí ina dhiaidh sin d'aontaigh an Fostaitheoir pinsean luathscoir easláinte a dheonú dó ón Scéim agus éifeacht a bheith leis ón dáta sin. D'áitigh an gearánaí gur chóir go mbeadh íocaíocht an phinsin luathscoir easláinte iardhátaithe go Meán Fómhair 2003 tráth a ndearna sé iarratas air agus tráth ar cuireadh deireadh lena socruithe maidir le pá breoiteachta agus lean leis ag iarraidh an sochair seo.

I bhFeabhra 2005 dúirt an Fostaitheoir *"go raibh cinneadh déanta gurb é 1 Deireadh Fómhair 2003 an dáta cuí maidir le héifeacht a bheith ag an luathscoir ar fhoras".*

Ní hionann sochar luathscoir ar fhoras easláinte agus teidlíocht Scéime ar féidir le comhalta í a éileamh agus caillteanas airgeadais a líomhain mura n-íocfar leis í mar a bhfuil súil leis go n-íocfar. Tá deonú sochar luathscoir ar fhoras easláinte faoin Scéim faoi réir thoiliú an Fhostaitheora. Ní hamháin go mbeidh deonú tola ag brath ar thíolacadh fianaise leighis nó ar shocrú a dhéanfar maidir le haon costais a bheidh i gceist – is cumhacht níos ginearálta é ná sin.

Rinne mé fiosrúchán agus d'admhaigh mé ina dhiaidh go raibh aistear crua curtha de ag an ngearánaí sular tháinig sé go dtí an bpointe go raibh an fostaitheoir ag toiliú le sochar luathscoir ar fhoras easláinte a dheonú dó. Ghlac mé leis gur fhulaing sé buairt agus strus mar gheall air sin agus gur thabhaigh sé caiteachas le linn dó a uiríoll a dhéanamh chuig an bhfostaitheoir. Níl sé de chumas agam áfach de réir an tsainchúraim atá agam cúiteamh a thabhairt dó mar gheall ar nithe dá leithéid – is féidir liom cinnte a dhéanamh de go bhfaighidh sé a theidlíocht cheart faoi Rialacha na Scéime ach sin an t-aon rud is féidir liom deonú dó. Ní raibh teidlíocht uathoibríoch ag an ngearánaí faoi Rialacha na Scéime ar shochar luathscoir ar fhoras easláinte agus ba é an sochar a thabharfadh a fhostaitheoir dó dá rogha féin an t-aon sochar a bhí iníoctha leis.

Bhí dualgas ag an bhfostaitheoir le linn dó a rogha a dhéanamh a cinntiú go raibh dóthain fianaise leighis ann chun an t-éileamh a thacú, nach gcuirfeadh soláthar sochair dá leithéid maoiniú na Scéime ná soláthar teidlíochtaí do chomhalta eile na scéime i mbaol agus go raibh sé sásta sochar luathscoir ar fhoras easláinte a dheonú don ghearánaí faoin Scéim. I bhFeabhra 2005 rinne an Fostaitheoir a chinneadh deireanach sa chás agus thoiligh sochar luathscoir ar fhoras easláinte a íoc ón Scéim leis an ngearánaí agus é bheith iardhátaithe go mí Dheireadh Fómhair 2003. Ní raibh sé de chumhacht agam an cinneadh seo a athrú nó a leasú nó cinneadh de mo chuid féin a chur ina áit.

Cé gur léir gur dheacair próiseas an toilithe a thabhairt chun críche tráthúla níorbh fhéidir liom seasamh leis an ngearán seo ná aon sásamh a thabhairt don ghearánaí maidir leis an tslí ar caitheadh leis le linn an phróisis seo. Ach d'ordaigh mé an fostaitheoir nós imeachta trédhearcach a bhunú agus a fhógairt chun déileáil le hiarratais todhchaíocha ar shochar luathscoir ar fhoras easláinte, le súil is nach dtarlódh in athuair na fadhbanna a tharla sa chás seo.

Bhí gearán tánaisteach ann a bhain le ranníocaíochtaí deonacha breise; d'admhaigh an fostaitheoir go raibh míriarachán i gceist sa chás seo agus thairg sé cúiteamh. D'fhonn a chinntiú nach dtarlódh a leithéid de mhíriarachán in athuair d'ordaigh mé na hiontaobhaithe agus na riarthóirí féachaint chuige go raibh na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm faoin scéim go háirithe iadsan a bhain le comhalta a chur ar an eolas

maidir lena theidlíochtaí ag oibriú i gceart agus a chinntiú go rabhthas á gcomhlíonadh.

Leagtar síos sa ceangal maidir le Noctadh i gCuid V d'Acht na bPinsean agus i bhfreagrachtaí na n-iontaobhaithe in Alt 59 den Acht sin go gcaithfidh na hiontaobhaithe a dteidlíochtaí scéime a chur in iúl do chomhaltaí ag amanna éagsúla lena n-áirítear ag am scoir. Bheadh sé ina phrionsabal treorach i dtaca le dea-chleachtas riaracháin go gcuimseofaí sa mhéid sin luach a thabhairt don Chiste RDB, ag tabhairt le fios an méid a bhí iníoctha mar chnapshuim saor ó cháin agus ag léiriú na roghanna maidir le haoisliúntas/ARF. Níor mheas mé go raibh na hiontaobhaithe ag comhlíonadh go huile na gceanglas seo agus go raibh siad ag comhlíonadh a ndualgas go cuí trí gan ach luach Ciste RDB comhalta a chainníochtú agus é a threorú chuig chomhairleoir airgeadais neamhspleách. Is inmholta an cleachtas iarbhír comhalta a threorú chuig chomhairleoir airgeadais neamhspleách ach níor chóir é a dhéanamh ach sa chás go mbeadh a theidlíochtaí agus a roghanna maidir le sochair faoi na príomhscéimeanna agus faoin scéim RDB curtha in iúl dó ar bhealach cuí ag na hiontaobhaithe.

Bhí dí-infheistiú Chiste RDB an ghearánaí lárach i gcuid den díospóid: dúirt riarthóir na scéime go raibh comhaontú briathartha faighte aige ón ngearánaí chun an gníomh seo a dhéanamh ach dhiúltaigh an gearánaí go tréan gur thug sé aon cheadú dá leithéid. Cé gur thuig mé an fáth go raibh an gearánaí den tuairim gur dhíomasach an gníomh é, bhí na hiontaobhaithe ag gníomhú laistigh dá gcumhachtaí maidir leis an airgead RDB a dhí-infheistiú de réir na tuisceana a bhí acu go raibh orthu smacht a fháil ar na cistí mar ullmhúchán dá dtabhairt chun aibíochta. Ach b’fhearrde a gcleachtas riaracháin comhaontú scríofa an chomhalta a fháil sula ndeachaigh siad i mbun gnímh dá leithéid; chinnteodh siad dá chionn sin nach raibh aon mhíthuiscint agus go raibh an comhalta go hiomlán feasach go raibh a chiste RDB dí-infheistithe. D'ordaigh mé na hiontaobhaithe an cleachtas seo a ghlacadh sa todhchaí.

B’fhiú a thabhairt dár n-aire anseo gur thairg an fostaitheoir íocaíocht de €300 freisin lena chur ar chumas an ghearánaí comhairle airgeadais a fháil.

## *Sochair a Choinneáil i ndiaidh Cumasc Cuideachta*

Sa chás seo rinneadh cuideachta fhostaitheoir an ghearánaí a cumascadh le cuideachta eile. Gealladh do na comhaltaí ag an am go gcoinneofaí an struchtúr sochair a bhí acu sa chéad fhostaíocht agus nach mbeadh an pinsean a bhfaigheadh siad san fhostaíocht nua níos lú ná an pinsean a raibh siad ina theideal sa tseanfhostaíocht. Líomhnaíodh míriarachán sa mhéid is nár comhlíonadh an gealltanas bunaidh nuair a ríomhadh an sochar scoir deireanach a fuair an gearánaí tráth ar éirigh sé as go luath.

Bhí an modh a cinneadh an Tuarastal Inphinsin Deiridh (ríomhadh an meán thar thréimhse thrí bliana) agus an tseirbhís inphinsin nár cuireadh teorainn leis tar éis 40 bliain lárach sa cheist uile. Ciallaíonn an loiceadh maidir le teorainn a chur leis an tseirbhís inphinsin, i gcás go ndéanfar sochar iarchurtha a ríomh ar bhun codáin - seirbhís curtha i gcrích roinnte ar sheirbhís ionchasach - gur méid níos lú a bhfaighfí mar thoradh i gcomórtas leis an méid a bhfaighfí dá mbaintí úsáid sa ríomh as an tseirbhís a cuireadh i gcrích iarbhír.*

Sa chás seo d'eisigh mé réamhthuairim. Dhiúltaigh mé don ghearán a rinneadh maidir le meánú ach bhí sé de chlaonadh agam cinneadh a dhéanamh ar son an ghearánaí maidir le ríomh an phinsin iarchurtha arbh é an pointe tosaigh maidir le ríomh an phinsin luathscoir.

Fuarthas ansin aighneas mionsonraithe ón bhfostaitheoir agus ó na hiontaobhaithe a thug aghaidh ar roinnt ceisteanna a ndearnadh miontrácht orthu sa réamhthuairim. Léirigh sé gur cuireadh ráta fabhraithe sochar seirbhíse todhchaíocha in airde i ndiaidh aistriú chomhaltaí na seanscéime go dtí an scéim nua. Nuair a cuireadh sin san áireamh ba mhó an pinsean dá bharr i ndáiríre ná an pinsin a d'fhaigheadh an gearánaí dá raibh sé fanta sa tseanscéim.

---

* Fostaí a ghlactar isteach nuair atá sé 18 mbliana d'aois tá 47 mbliana de sheirbhís ionchasach aige go mbeidh sé sin 65 bliana d'aois. Má fhágann sé an fhostaíocht nuair a bhíonn sé 53 bliana d'aois is é 35/47 foirmle an ionchais. Dá mba rud é gur glacadh isteach é nuair a bhí sé 25 bliana d'aois is foirmle 28/40 a bheadh ann.

## *Ar lorg seanteidlíochta ar shochar iarchurtha*

Ar dúnadh ghnó agus scéim pinsin an fhostaitheora dúradh leis an nGearánaí go n-aistreofaí a theidlíocht ar scéim pinsin go banna ceannaigh-thar-barr-amach aonair ach ní fuair sé riamh sonraí iomlána faoi sin. Chuaigh sé i dteagmháil leis an Oifig seo i 2008 le cúnamh a fháil chun dul ar lorg an bhanna toisc nach raibh an fostaitheoir ná an bróicéir a dhéileáil leis an aistarraingt ag trádáil níos mó.

Bhí mé in ann a admháil go raibh míriarachán déanta de réir dealraimh agus go raibh an iontaobhaí agus an bróicéir ciontach ann sa mhéid is nár tugadh don chomhalta sonraí iomlána maidir lena bhanna ceannaigh-thar-barr-amach agus gur fhulaing sé caillteanas airgid de bharr neamhíocaíochta sochar luathscoir nuair a bhí 65 bliana slánaithe aige. Ba dheacair an cás seo a fhiosrú go foirmeálta áfach de bharr an easpa fianaise agus neamhláithreacht na bhfreagróirí.

Mar sin roghnaigh mé cur chuige neamhfhoirmeálta agus chuaigh i mbun fiosrúcháin go dtí na cuideachtaí móra árachais a bhí ag tairgeadh bannaí ceannaigh-thar-barr-amach ag an am a tháinig deireadh leis an scéim pinsin. A bhuíochas coimhoibriú árachóirí sa phróiseas seo fuarthas amach cá háit a raibh an banna agus tugadh íocaíocht don ghearánaí.

Tugadh dhá rud chun suntais sa chás seo:-

- An méid mór cúnaimh a thug na hárachóirí don Oifig seo agus an oiread a chomhoibrigh siad linn go ginearálta - agus ba mhór againn é sin.
- A riachtanaí is atá sé go mbeartódh árachóirí teagmháil a dhéanamh le sealbhóirí polasaithe nó bannaí pinsin ar bhonn réamhghníomhach. Tugadh le tuiscint dom go bhfuil árachóirí ann nach scríobhann go dtí sealbhóirí polasaithe aonair a leithéidí bannaí ceannaigh-thar-barr-amach, roimh teacht dóibh go dáta a n-aibíochta. Cé gur féidir liom glacadh leis go dtagann deacrachtaí chun cinn in imeacht ama maidir le teagmháil a dhéanamh, tá mé den tuairim gur chóir iarracht a dhéanamh sealbhóir an pholasaí a chur ar an airdeall mar gheall ar shochar ar baolach go rachadh sé i ndearmad mura gcuirtí.

## *Mídhilsiú Sochar*

An ghné ba bhunúsaí den ghearán seo ba ea nár socraíodh ag an am céanna agus a socraíodh príomhshochar na scéime na sochair a bhí coinnithe faoin bPlean RDB a raibh an gearánaí páirteach ann nuair a d'éirigh sé as obair de bharr easláinte i 1993. Comhairlíodh an gearánaí in earráid a RDBanna a fhágáil infheistithe agus fuair sé uasdátú tráthrialta ó riarthóir na scéime maidir le luach an chiste. Sna blianta deireanacha áfach thug sé faoi deara go raibh luach an chiste ag titim agus d'fhiosraigh sé na fáthanna a bhí leis sin. Bhí roinnt cruinnithe aige le fostaí an riarthóra thar thréimhse dhá bhliain ach bhí sé den tuairim nach raibh sé puinn níos gaire do réiteach na faidhbe agus shíl sé gur ardaíodh níos mó ceisteanna ná mar a réitíodh. Bhí sé den tuairim nárbh fhéidir leis muinín a bheith aige as go dtabharfadh an gnóthas lena mbaineann aghaidh ar na saincheisteanna agus chuir sé an gearán faoi bhráid na hOifige.

I gcúrsa fiosrúcháin thar bheith fada agus trioblóideach bhí sé ag éirí níos soiléire gur bhogadh airgead amach as ciste an ghearánaí agus go ndearnadh iarracht roinnt bliana ina dhiaidh sin an ciste sin a chur ar ais sa staid ar chóir dó a bheith. Dhealraigh sé gurbh é fostaí áirithe an riarthóra nach raibh fostaithe aige níos mó a rinne an gníomh seo. Chuir mise agus mo hImscrúdaitheoir agallamh ar an bhfostaí seo.

Ba shoiléir i ndiaidh a chéile gur chuir an fostaí seo maoin ó chiste an ghearánaí go dtí polasaí RDB eile a bhí á riar ag an bhfostaí freisin. Bhásaigh comhalta scéime nach raibh clúdaithe maidir le hárachas saoil siocair earráide a rinne an fostaí. Ar teacht dó ar an eolas seo chuaigh an fostaí i scaoll agus shíl sé dá ndíreodh an bhainistíocht aird ar an gcás gur dhóigh go gcaillfeadh sé a phost. Chinn an fostaí an t-árachas saoil a tharraingt as cuntas an ghearánaí. Ag an am bhí polasaí an ghearánaithe íoctha go huile agus ní raibh aon ranníocaíochta eile ag dul isteach sa chiste. Níor íocadh sochair an ghearánaí ag am scoir agus d'admhaigh an fostaí gur áitíodh ar an ngearánaí ar bhealach éigin gurbh fhearr as é dá bhfágadh sé a chistí infheistithe. Thar na blianta dár gcionn nuair a iarradh ar luachanna ciste ba é an chaoi gur chum an fostaí iad; "*chuir sé figiúirí ar fáil nach raibh aon bhunús leo".*

Tar éis sonraí an cháis agus luachanna na gcistí a bhí i gceist a chur san áireamh d'ordaigh mé an riarthóir ciste RDB an ghearánaí a mhéadú go dtí an luach ceart agus dul i gcomhairle leis an árachóir lena mbaineann agus le hiontaobhaithe an Phlean RDB d'fhonn an méid seo a íoc leis an ngearánaí mar chnapshuim saor ó cháin roimh 31 Iúil 2008. Mheas mé gur chuí go gcomhlíonfadh an riarthóir tairiscint a rinne sé níos luaithe maidir le híocaíocht ex-gratia a chur leis an gciste seo cé nach raibh sé de chumas agam ordú a thabhairt dó é sin a dhéanamh.

Ón bhfianaise a tháinig chun solais i gcúrsa an fhiosrúcháin seo dhealraigh sé go mb'fhéidir nár chás leithleach amach is amach an cás seo agus bhí mé buartha dá réir go dtiocfadh cásanna eile cosúil leis chun cinn amach anseo. Ba léir go mb'fhearr go rachfaí sa tóir ar na cásanna seo go sciobtha ar mhaithe le haon chomhaltaí scéime ar dhóigh go ndéanfadh siad difear dóibh agus d'fhonn costas dóchúil cúitimh a sheachaint agus d'ordaigh mé an riarthóir fiosrúchán a dhéanamh ar na cásanna a bhí á láimhseáil ag an bhfostaí céanna d'fhonn cúrsaí dá leithéid a chur ina gceart go tapúil.

Ina theannta sin d'ordaigh mé an t-iarfhostaí ar ar seirbheáladh cóip den Chinneadh seo comhoibriú go huile le haon fhiosrúcháin dá leithéid agus aon rud a bhí ina sheilbh aige arbh fhéidir go mbeadh sé ábhartha i ndáil leis an bhfiosrúchán sin a thabhairt don riarthóir.

Ós rud é go gur trí loiceadh maidir le rialuithe laistigh den chuideachta riarthóra nó laistigh de réamhtheachtaí na cuideachta riarthóra a tháinig an cheist seo chun cinn nó ar ligeadh dó tarlú, d'ordaigh mé dóibh iniúchadh a dhéanamh ar a gcuid chóras lena chinntiú nár mhóide d'aon mhídhilsiú dá leithéid tarlú in athuair amach anseo. Thug mé cuireadh dóibh freisin breithniú a dhéanamh an raibh aon oibleagáidí orthu mar iontaobhaí reatha na scéime nó ar aon iariontaobhaí agus/nó riarthóir (is cur síos a bheidh infheidhme freisin maidir le haon árachóir lena mbaineann faoi na Rialúcháin um Fhear an Phobail um Pinsin, 2003) maidir le tuairisc a chur chuig Bhord na bPinsean faoi Alt 83 d'Acht na bPinsean, 1990, arna leasú.

**TRÁCHT: Tuigim gur chuir idir an iontaobhaí agus an riarthóir tuairiscí chuig an mBord.**

**Is uathúil ar fad an cás é seo ina raibh riarthóir gairmiúil ciontach as mídhilsiú sochar scéime ach léiríonn sé an gá atá le rialachán cuí. Dála an scéil ba shárú rialacha na gCoimisinéirí Ioncaim freisin loiceadh maidir le ciste RDB a riaradh tráth ar íocadh príomhsochair na scéime.**

## *Tnúthán Earráideach*

Bhí roinnt eilimintí sa ghearán seo.

Ar an gcéad ásc bhí díospóid maidir le ráta fáis pinsin iarscoir. Dúirt an gearánaí go ndearnadh socrú le haghaidh méadaithe de bhreis ar thrí faoin gcéad i nGníomhas Iontaobhais agus Rialacha na scéime cé gur mhaígh an t-iontaobhaí nach raibh sé ach a dó faoin gcéad.

Ar an dara ásc, níor nochtadh faisnéis phinsin dó a chuideodh leis cinneadh feasach a dhéanamh maidir le luathscor.

Ar an tríú ásc, mhaígh an fostaitheoir gur glacadh an gearánaí isteach i bhfostaíocht leo i 1975 agus isteach sa scéim pinsin i 1976, san áit a dúirt eisean gur glacadh isteach sa chuideachta é i 1973 ach nach raibh sé cuimsithe sa scéim pinsin go dtí 1976. I réimse eile den fhoirm ghearáin líomhain sé gur chlis ar an gcuideachta an fhaisnéis phinsin ábhartha iomlán a nochtadh dó ó 2006 i leith “*agus roimhe sin”*.

Rinneadh fiosrúchán fada ina dhiaidh sin agus ba shuntasach an easpa comhoibrithe ó thaobh an fhostaitheora de in ainneoin iarrachtaí bhróicéir an fhostaitheora comhoibriú níos fearr a chinntiú.

Tar éis dom athbhreithniú a dhéanamh ar an doiciméadú uile ní raibh an dara rogha agam ach a chinneadh gur bhain an gearánaí léirmhíniú earráideach as foráil an Ghníomhais Iontaobhais agus as na Rialacha chomh fada agus a bhain siad le méaduithe iarscoir. Ní dhearnadh aon tagairt chor ar bith sa chóip a bhí aige de na Gníomhais Iontaobhais agus de na Rialacha dá leithéidí de mhéaduithe agus ní raibh tagairt inti ach do theorainn ghinearálta ar mhéaduithe dá leithéid dá mba rud é go raibh siad le n-íoc. Is é riail na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le méaduithe iarscoir go

bhféadfaí méaduithe a thabhairt ar ráta fosaithe nach mó ná trí faoin gcéad in aghaidh na bliana. Má tá méaduithe le tabhairt ar ráta níos airde ná sin ní mór an ráta méadaithe a theorannú d'fhigiúir atá bunaithe ar an uasphinsean infhaofa le haghaidh duine aonair ar bith, móide suim nach mó ná an méadú ar Innéacs na bPraghsanna do Thomhaltóirí ón dáta scoir. Ní dhearna riail na scéime ach an teorainn seo a chur chun feidhme agus ní raibh sé i gceist go dtabharfadh sí aon teidlíocht ar mhéaduithe iarscoir agus níor thug.

Ba léir go raibh an díospóid maidir le méaduithe iarscoir bunaithe ar mhíchiall a baineadh as an nGníomhais Iontaobhais agus as na Rialacha agus bhí mé sásta nach raibh riamh aon teidlíocht ar mhéaduithe os cionn an ráta dó faoin gcéad.

Réitíodh na ceisteanna maidir leis an dáta ar glacadh an gearánaí isteach i seirbhís agus maidir leis an dáta ar glacadh isteach sa scéim é i gcúrsa an fhiosrúcháin.

Cé nach ndearnadh tagairt sonrach dó sa doiciméad bunaidh ba léir gur údar míshásaimh an ráiteas sochair ó 1 Eanáir 2007 i bhfianaise a raibh iníoctha iarbhír ina dhiaidh sin ar scor, Bhí mé sásta áfach gurbh é ba chúis le haon mhearbhall sa chás seo loiceadh an ghearánaí féin ciall cheart a bhaint as inneachar an doiciméid sin ina raibh sé scríofa go soiléir gur thagair sé do shochair a bhí iníoctha ar scoir ar an *ngnáthdháta scoir* agus nach ar dháta níos luaithe.

Cé go raibh mé sásta go ndearna an bróicéir sa chás seo gach iarracht an fhaisnéis a theastaigh ón ngearánaí a sholáthar dó ní raibh mé go hiomlán sásta go raibh an chuideachta ina cáil mar iontaobhaí chomh gníomhach agus ab fhéidir léi bheith maidir le comhlíonadh iarratas a rinneadh faoi théarmaí na Rialachán um Fhoilsiú Faisnéise faoi Acht na bPinsean.

Cé go dtuigfí dá mbeadh fostaí agus fostaitheoir in adhairce a chéile maidir le ceist phinsin nach mbeadh aon fhonn faoi leith ar an bhfostaitheoir dul i mbun comhoibrithe leis an bhfostaí sin ach in ainneoin sin bhí dualgas soiléir agus sonrach ag an bhfostaitheoir ina cháil mar iontaobhaí faoi dhlí iontaobhais agus faoi Acht na bPinsean, agus bhí cearta soiléire agus sonracha ag comhalta na scéime faoin Acht sin. Ní haon húdar le loiceadh forálacha an Achta a chomhlíonadh ina n-iomláine

aighneas idir fostaitheoir agus fostaí, agus má loictear beidh iontaobhaithe i mbaol ionchúisimh choiriúil nó, ar a laghad, fíneálacha "*ar an bhfód"* arna dtobhach ag Bord na bPinsean. Dhiúltaigh mé don ghearán.

## *Íocaíocht Phinsin Fhorlíontaigh*

Sa chás eadránaithe seo rinne an fostaitheoir Seirbhíse Poiblí an toimhde le linn dó pinsean an ghearánaí a ríomh gur ranníocóir ÁSPC ag an ráta modhnaithe a bhí inti agus dá réir nach mbeadh sí i dteideal Pinsean Stáit nuair a bheadh 65 bliana slánaithe aici. Mar sin d'íoc siad a pinsean léi ag an ráta ba chuí d'fhostaí sna himthosca sin. D'íoc siad a pinsean léi ar feadh píosa fada sula bhfuair siad amach go raibh an botún déanta agus ansin d'éiligh siad go n-íocfadh sí ar ais an difríocht idir méid an phinsin a íocadh léi agus méid an phinsin "*chomhordaithe"* ar chóir a bheith íoctha léi. Níorbh fheasach dóibh áfach go raibh sí i dteideal pinsin fhorlíontaigh sna himthosca sin a thabharfadh di, ach é bheith íoctha, an t-ioncam iomlán céanna agus a bhfaigheadh comhghleacaithe neamh-chomhordaithe go dtí go n-íocfaí an Pinsin Stáit léi. D'aontaigh siad ar deireadh thiar tar éis idirghabháil Imscrúdaitheoir na hOifige, an t-éileamh ar aisíocaíocht a tharraingt siar. Ach an pinsean ceirde agus an pinsean forlíontach a chur le chéile bhíothas in ann leanúint leis ag íoc an méid céanna leis an ngearánaí agus a bhí sí ag fáil ó d'éirigh sí as obair.

## *Pinsean Céile Iníoctha le Baintreach Scartha*

Sa chás seo tháinig bean chuig an Oifig arbh iníon í d'fhear a bhásaigh nuair a bhí aois mhór aige. Bhí a tuismitheoirí scartha ó chéile le blianta fada agus bhí a hathair ina chónaí le páirtí eile. Tar éis do mo Imscrúdaitheoir fiosruithe a dhéanamh aontaíodh go raibh pinsean iníoctha ar a bhás ach ó tharla gur foráladh go sainráite i rialacha na scéime pinsin ábhartha do phinsean céile seachas do phinsean cleithiúnaithe ba í máthair an ghearánaí an t-aon duine a d'fhéadfadh an pinsean a fháil. Níor éilíodh an pinsean céile ó bhásaigh an comhalta agus cuireadh tús le híocaíochtaí. Íocadh na riaráistí uile freisin.

## *Fabhrú Tapa sa tSeirbhís Phoiblí*

Bíonn 40 bliain seirbhíse de dhíth ag formhór na bhfostaithe sa tSeirbhís Phoiblí sula mbí siad i dteideal sochar uasphinsin ar éirí as dóibh. Bíonn roinnt fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí i dteideal sochair ó ráta fabhrú tapa seirbhíse a cheadaíonn dóibh éirí as leis an bpinsean iomlán tar éis níos lú ná 40 bliain de sheirbhís iarbhír. Is sampla iad an Garda Síochána agus oifigigh príosúin d'fhostaithe san earnáil phoiblí a thairbhíonn d'fhabhrú tapa. Go hiondúil áirítear gach bliain seirbhíse os cionn 20 mar dhá bhliain de sheirbhís inphinsin, rud a cheadaíonn do na fostaithe seo éirí as ar an bpinsin iomlán i ndiaidh 30 bliain seirbhíse.

Faoin Acht Cóireála Meabhair-Ghalar, 1945 (an tAcht) beidh réim ag fabhrú tapa maidir le fostaithe áirithe in institiúidí meabharghalair sonraithe. D'áitigh an gearánaí sa chás seo go raibh sé ag obair in institiúid shonraithe ach nach raibh sé ag fáil sochar fabhraithe tapa. Cé go bhfuil an dearcadh coitianta ann nach mbaineann an sochar fabhraithe tapa faoin Acht ach le hAltraí Síciatracha chuir ionadaí an ghearánaí in iúl, agus an ceart aige, nach amhlaidh a bhí sé agus bhí sé in ann samplaí a sholáthar d'iarfhostaithe nach raibh ina n-Altraí Síciatracha agus a fuair an sochar.

Léirigh an t-imscrúdú áfach cé go raibh an institiúid ina raibh an gearánaí fostaithe ina hinstitiúid shonraithe nach raibh an t-aonad laistigh den institiúid a raibh an gearánaí sannta di ar bhonn buan sonraithe ag na húdaráis ábhartha. Ina theannta sin dúirt an maoirseoir le freagracht ghinearálta as dualgais a shannadh don ghearánaí nár thug an gearánaí riamh cúram d'othair shíciatracha ná nach raibh sí riamh ina bhfeighil agus nár sannadh riamh í d'obair i mbardas síciatrach na hinstitiúide. Foráiltear san Acht go gcaithfidh fostaithe bheith:

- fostaithe in institiúidí sonraithe, agus;
- freagrach go díreach agus go pearsanta as aireacht nó as cúram othar na hinstitiúide sonraithe agus gan bheith ach ag obair le hothair nó in aice othar nach bhfuil go díreach faoina cúram.

Sa chás seo níor chomhlíon an gearánaí aon cheann de na ceangail seo agus níorbh fhéidir liom seasamh leis an ngearán.

## *Ceannachán Meas-Seirbhíse – Earráidí sna Comhairimh*

Chuir an gearánaí in iúl gur aontaigh sí meas-seirbhíse 2 bhliain a cheannach i 1997, 2 bhliain a cheannach i 1998 agus 3.5068 mbliana a cheannach i 2001. Ba é an fostaitheoir a shocraigh an costas agus baineadh as a tuarastal é. Dúirt an gearánaí:

> *"Léirigh athbhreithniú pinsin i 2005 go mbeadh mo phinsean bunaithe ar 35 bliana agus 52 lú ar [dáta i 2007]. Bunaithe ar sin ghlac mé le pinsean luathscoir. I litir a fuair mé ón bhfostaitheoir dhá sheachtain ina dhiaidh sin bhí sé scríofa go mbeadh mo phinsin bunaithe ar 31.974 bliana de bharr earráidí a rinne siad ar na dtrí ócáidí a cheannaigh mé seirbhís. Rinneadh earráid eile i 1997 nár ceartaíodh ar 2 ócáid eile ná nár braitheadh le linn an athbhreithnithe. Níor chóir go bhfulaingeoinn iarmhairtí na sraithe earráidí seo. Ba dhifriúil mo chinneadh maidir le scor dá mbeadh am agam é seo a ceartú an uair a dúradh liom é".*

Léirigh an t-imscrúdú gur chomhlíon an gearánaí gach tráth ceangail na Rannóige Aoisliúntais ach gur bhain Rannóg an Phárolla míchiall as na treoracha a thug sé agus gurb shin é an chúis leis na hasbhainte róbhige. Léirigh sé freisin go ndearnadh asbhaintí ar roinnt ócáidí maidir le scéim Chéilí agus Leanaí, nach raibh an gearánaí ina comhalta di.

Rinne an fostaitheoir moladh a mheas mé bheith réasúnta – costas an easnaimh maidir le creidmheas seirbhíse a ríomh ar bhonn tuarastal stairiúla agus gan ús a ghearradh. Chiallaigh sin go mbeadh uirthi é sin a mhaoiniú le €24,000 as a haisce scoir. Tar éis gurbh fhéidir go gcuirfí srianadh ar an bhfaoiseamh cánach a d'fhéadfadh sí a fháil air sin (a dtrian den chostas b'fhéidir) mar gheall ar na ranníocaíochta a bhí sí ag íoc cheana féin le linn a dhá bhliain dheireanacha, d'ordaigh mé an fostaitheoir dul i mbun comhráite leis na Coimisinéirí Ioncaim féachaint arbh fhéidir réiteach a fháil air sin; murar féidir ba chóir don fhostaitheoir í a chúiteamh as an bhfaoiseamh cánach caillte.

## *Inríofacht seirbhís 'ex-quota' sa tSeirbhís Phoiblí*

Tá earnálacha áirithe den tSeirbhís Phoiblí faoi réir cuóta fostaíochta. Má tharlaíonn sé go mbíonn ar institiúid na Seirbhíse Poiblí foireann a earcú a chuirfidh faoi deara go sáróidh an institiúid an cuóta atá cionroinnte uirthi, is gnách go n-íocfaidh an institiúid an fostaí as a cistí féin seachas as cistí párolla a chuirfidh an Státchiste ar fáil. Níor íoc fostaí dá leithéid ranníocaíochta pinsin agus dá bhrí sin ní raibh an tseirbhís a tugadh inphinsin. B'amhlaidh go minic gur cuireadh seirbhís dá leithéid ar fáil ar bhonn páirtaimseartha.

Foráladh i gComhaontas an Chlár um Iomaíocht agus Obair (CIO) do ríomh seirbhíse páirtaimseartha a tugadh sular cuireadh an comhaontas faoi réir íocaíocht na ranníocaíochta cuí. Níor foráladh sa Chomhaontas CIO áfach ach do cheannach seirbhíse páirtaimseartha ar ráta cothrom lena leath de ráta na seirbhíse lánaimseartha inchomparáide ba chuma céatadán na seirbhíse páirtaimseartha iarbhír a tugadh i gcomparáid leis an tseirbhís lánaimseartha. Mar sin dá mba rud é gur oibrigh fostaí páirtaimseartha 80% de na huaireanta a d'oibrigh fostaí lánaimseartha ní bheadh méid na seirbhíse a d'fhéadfaí a cheannach faoi CIO níos mó ná 50%.

Rinne an gearánaí iarratas sa chás seo seirbhís a cheannach agus cuireadh in iúl di nach bhféadfadh sí ceannach ach a leath den tseirbhís ábhartha. D'áitigh sí áfach go raibh sí ag obair an líon céanna uaireanta agus fostaí lánaimseartha fiú más fostaí as cuóta "*ex-quota*" a bhí inti agus gur chóir go gcaithfí lena seirbhís mar sheirbhís lánaimseartha seachas seirbhís pháirtaimseartha. Ar iarratas uaimse rinne an Roinn tuismitheora athscrúdú ar na taifid a bhain leis an ngearánaí agus chinn siad ar deireadh thiar gur chóir go gcaithfí lena seirbhís mar sheirbhís lánaimseartha agus gur chóir go gceadófaí di méid iomlán a seirbhíse as cuóta "*ex-quota*" a cheannach.

## *Diúltú duine a ghlacadh i Scéim Sochair Shainmhínithe*

Bhain an chás le heagraíocht mhór phoiblí a raibh scéim pinsin le sochar sainithe (SS) aici. Diúltaíodh daoine nua a ghlacadh san SS in Aibreán 1990 agus chuir an eagraíocht scéim ranníocaíochta sainithe (RS) ar bun le haghaidh foirne a glacadh i bhfostaíocht inti den chéad uair i ndiaidh an dáta sin.

D'áitigh an gearánaí go raibh sí fostaithe ag an eagraíocht roimh 1990 agus dá réir gur chóir go mbeadh sí i dteideal ballraíochta sa scéim SS. Dúirt urlabhraí na heagraíochta cé go raibh an gearánaí ag obair leo ó 1986 i leith nach raibh sí fostaithe ag an eagraíocht ag an am de bhrí go raibh sí ag obair faoi chonarthaí le haghaidh seirbhísí, murab ionann agus conarthaí seirbhíse.

Nochtaigh an t-imscrúdú gur choinnigh an eagraíocht miontaifid fostaíochta agus go raibh sí in ann cóipeanna de na conarthaí a raibh an gearánaí ag obair fúthu leis an eagraíocht ó 1986 go Iúil 1990 a chur ar fáil dom. Bhí sé scríofa i bhfocail sna conarthaí seo nach raibh an gearánaí fostaithe ag an eagraíocht agus go raibh sí eisiata ó bheith ina chomhalta den scéim SS.

I mí Lúnasa 1990 bhí an gearánaí fostaithe ag an eagraíocht faoi chonradh seirbhíse. Faoin am sin ní raibh fáil ag fostaithe nua ar an scéim SS. Ina dhiaidh sin, i 1991, chuir an gearánaí a hainm faoi chonradh seirbhíse eile leis an eagraíocht a cheadaigh di bheith ina comhalta sa scéim RS.

Ní raibh mé in ann seasamh leis an ngearán toisc nach raibh conradh riamh ag an ngearánaí leis an eagraíocht a cheadaigh di bheith ina comhalta den scéim SS.

### *Diúltú scéime sochar a íoc i ndiaidh ballraíocht 20 bliain*

D'oibrigh an gearánaí san earnáil phríobháideach ar feadh níos mó ná fiche bliain sula raibh sé ina fhostaí san earnáil phoiblí. Glacadh leis i scéim pinsin a fhostaitheora san earnáil phríobháideach nuair a bhí sé 16 bliana d'aois agus d'fhan sé ina chomhalta sa scéim go dtí go dtáinig deireadh lena thréimhse fostaíochta leis an gcuideachta. Ó tharla go raibh an aois scoir ag druidim leis chuaigh sé i dteagmháil le riarthóirí scéim pinsin na cuideachta príobháidí lena shocair scoir a chinntiú.

De réir an ghearánaí dhiúltaigh idir riarthóirí na scéime agus an chuideachta go raibh aon taifead go raibh sé fostaithe ag an gcuideachta. Chuir an gearánaí cóip de thaifead a ranníocaíochtaí leasa sóisialta ar fáil a dheimhnigh go raibh sé fostaithe le linn na tréimhse a bhí i gceist ach, mar ba ghnách ag an am, níor ainmníodh an fostaitheoir inti.

Chuir an gearánaí in iúl gurbh é fáth foirceanta a thréimhse fhostaíochta san earnáil phríobháideach go ndearnadh iomarcach é. Ag éirí as sin rinne an Oifig agam teagmháil leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le fáil amach an raibh aon taifead maidir le socrú iomarcaíochta idir an cuideachta agus an gearánaí. Cé go raibh tréimhse fhada imithe thart (28 mbliana) ó tharla an iomarcaíocht bhí taifid coinnithe ag an Roinn ón tréimhse a bhain leis an gcuideachta ach ní rabhthas in ann aon tagairt don ghearánaí a aimsiú.

Chuaigh an Oifig díreach i dteagmháil leis an gcuideachta agus bhí siadsan in ann a dhearbhú go raibh an gearánaí fostaithe acu agus bhí siad in ann dátaí cruinne fostaíochta a chur ar fáil ach ní raibh siad in ann a dhearbhú go raibh an gearánaí ina chomhalta den scéim pinsin. Gheall an chuideachta go n-ardódh siad an cheist go díreach le riarthóirí na scéime.

Bhí riarthóirí na scéime in ann fianaise dhoiciméadach iomlán a chur ar fáil go bhfuair an gearánaí aisíoc iomlán dá ranníocaíochta ag am foirceanta na fostaíochta agus dá bhrí sin nach raibh aon teidlíocht aige ar aon sochar ón scéim ar éirí as obair dó.

## *Aisíoc fóirdheontais íoctha i ndáil le neamh-inphinsineacht liúntais*

Bhí an gearánaí fostaithe ag bord Stáit. Bhí sé fostaithe ag leibhéal sinsearach i gcáil fheidhmeannach. Bhí tuarastal aige cothrom le tuarastal iomlán a ghráid shubstaintigh móide liúntas a chinnteodh go mbeadh luach a shaothair ag réiteach leis an ngrád ina raibh sé "*ag feidhmiú"*.

Ní raibh an liúntas a bhí sé a fháil inphinsin. In ionad inphinsineachta áfach íocadh fóirdheontas dó cothrom le 12% den liúntas. Bhí an socrú seo i bhfeidhm ar feadh 10 mbliana go dtí gur éirigh an gearánaí as obair i 2004. I rith an ama seo rinneadh iarrachtaí neamhrathúla lena chur faoi deara go ndearbhófaí an liúntas mar inphinsin. Ar éirí as dó bhí pinsean an ghearánaithe bunaithe ar thuarastal an ghráid shubstaintigh amháin.

Tugadh socrú isteach i 2007 a chuirfeadh faoi deara go mbeadh an liúntas inphinsin dá n-íoctaí an fóirdheontas móide ús ar ais. Ní raibh aon deacracht ar an ngearánaí an

fóirdheontas a íoc ar ais ach bhí sé diomúch go raibh air ús a íoc ó tharla go ndearnadh iarrachtaí sular éirí sé as an liúntas a dhéanamh inphinsin. Shíl sé gur loiceadh daoine eile déileáil i gceart leis an gceist nuair a ardaíodh i dtosach í ba chúis leis go raibh air anois ús a íoc ar aisíocaíocht an fhóirdheontais.

Bhí mise diomúch sa chás seo chomh maith leis. Ar aisíoc an fhóirdheontais móide ús bheadh an liúntas a fuair an gearánaí inphinsin agus níor mhór a shochair a ríomh in athuair. Dá thoradh sin bheadh méid suntasach riaráistí ag dul siar go 2004. Ní bheadh aon ús iníoctha ag an ngearánaí ar na riaráistí sin áfach.

Shíl mé go raibh sé leatromach ús a ghearradh ar aisíoc an fhóirdheontas 12% ach nach mbeadh ús le híoc ar na riaráistí a bheadh dlite dá bharr. Ba é an dearcadh a bhí agam féin ar an gceist gur chóir go nginfeadh na riaráistí ús agus go ndéanfaí an t-ús a bhí dlite ar aisíoc an fhóirdheontais a fhritháireamh in aghaidh an úis a ghin na riaráistí.

I ndiaidh dom mo thuairim a nochtadh bhreithnigh na húdaráis ábhartha an cheist agus d'aontaigh siad gan ús a ghearradh ar aisíocaíocht an fhóirdheontais leis an ngearánaí.

## *Ní chuimsíonn sainchúram Fhear an Phobail um Pinsin dámhachtain chúitimh*

Bhí an gearánaí ag fáil pinsean céile ar feadh níos mó ná 18 mbliana dhéag. Bhí cumarsáid idir í agus riarthóirí na scéime agus scríobhadh léi go raibh a pinsean gearríoctha de bharr feidhmiú mícheart rialach um méadú. Bhí méid na gearríocaíochta ábhairín níos lú ná €50,000. Dúirt riarthóirí na scéime go n-íocfadh siad ar ais méid iomlán na gearríocaíochta móide ús de 4%. Ba é thart ar €8,000 méid an úis.

Ní raibh an gearánaí sásta leis an modh ar láimhseáil riarthóirí na scéime an cás. Chuir sí in iúl go raibh uirthi teaghlach óg a chothú ar an bpinsean le blianta fada agus shíl sí gur chúiteamh neamhdhóthanach amach is amach air sin a bhí san ús de 4%.

Bhí sí míshásta freisin nár thug riarthóirí na scéime cuireadh di bheith páirteach sa phlé maidir le leibhéal cuí cúitimh a chinneadh.

Ba shoiléir sa chás seo go raibh riarthóir na scéime ciontach i míriaracháin. B'údar caillteanas airgid don ghearánaí an míriarachán. Bhí iarracht déanta áfach ag riarthóir na scéime sásamh a thabhairt sa chaillteanas airgid agus d'íoc sé ús 4% thar an tréimhse ó thús na hearráide go dtí an dáta ar cuireadh an caillteanas ina cheart.

Is éard a chlis ar riarthóir na scéime a dhéanamh sa chás seo aon chineál cúitimh a thabhairt don ghearánaí maidir leis an ualach airgeadais breise a bhí uirthi agus a d'éirigh as an earráid sna híocaíochtaí pinsin. Níor casadh ar a chéile riarthóir na scéime agus an gearánaí fiú chun ceist an chúitimh a phlé in ainneoin gur chuir an gearánaí in iúl don riarthóir gur mhian léi go dtarlódh sin. Chuir sin leis an anó a bhí uirthi.

Sa chás seo mar is amhlaidh i ngach uile chás ní mór dom feidhmiú laistigh den reachtaíocht agus de na Rialacháin a rialaíonn na hOifige (Cuid XI d'Acht na bPinsean 1990 agus Rialúcháin um Fhear an Phobail um Pinsin, 2003 – Ionstraim Reachtúil Uimh. 397 de 2003). Tá sé de chumhacht agam fúthu sin:

- Líomhaintí gur fhulaing comhalta plean pinsin caillteanas airgid de bharr míriaracháin a rinneadh an lucht a bhí freagrach as bainistíocht an phlean a imscrúdú agus
- Aon díospóid dlí nó fíorais a thagann chun cinn i dtaca le gníomh a rinne duine nó a rinneadh ar son duine atá freagrach as bainistíocht an phlean a bhreithniú.

Le go mbeidh mé in ann glacadh le gearán comhalta agus dámhachtain a dhéanamh i bhfabhar gearánaí i ndiaidh imscrúdaithe caithfidh go mbeidh idir "*chaillteanas airgid*" agus "*mhíriarachán*" i gceist.

Le linn dom measúnú a dhéanamh maidir le cé acu a d'fhulaing comhalta caillteanas airgid nó nár fhulaing ní mór dom ar an gcéad dul síos cinneadh a dhéanamh maidir le cérbh í teidlíocht an chomhalta faoi rialacha an phlean phinsin agus a fháil amach an

bhfuair an chomhalta an teidlíocht sin. Más amhlaidh go bhfuair níl sé de chumas agam aon dámhachtain a dhéanamh don chomhalta. Murar fuair áfach is féidir liom seasamh leis an ngearán agus ordú sochar an chomhalta a thabhairt go dtí an leibhéal a raibh teidil air/aici air faoi rialacha an phlean. Ní féidir liom aon sochar nó dámhachtain a thairiscint don chomhalta a d'fhulaing míriarachán murar cinneadh go raibh caillteanas airgid dá bharr. Go bunúsach ní féidir liom dámhachtain a thabhairt maidir le cúiteamh ar strus, ar mhíchaoithiúlachta, ar stró nó ar chur amú ama ag iarraidh réiteach a fháil ar an ngearán etc. Is minic a bhíonn súil ag gearánaí lena leithéid de dhámhachtain. I gcásanna áirithe bíonn rud cosúil le damáistí á lorg acu. Tá foráil Acht na bPinsean ríshoiléir – an cúiteamh is mó is féidir a thabhairt is ea "*cailliúnt an tsochair scéime*". É sin ráite thairgeann freagróirí íocaíochtaí breise in amanna do pháirtithe míshásta ar bhun deonach.

Mar sin tá an próiseas iomlán teoranta dá bhfuil an comhalta ina theideal faoi rialacha na scéime pinsin ar leith. Níl mé in ann neamhaird a dhéanamh de Rialacha plean pinsin ar bith ná iad a neamhniú ná a athrú ná níl mé in ann aon chinneadh lánroghnach a bhfuil sé de chumas ag na hiontaobhaithe nó ag an bhfostaitheoir a dhéanamh faoi na Rialacha a athrú.

Ba ríshoiléir sa chás seo go raibh riarthóir na scéime ciontach i míriaracháin. Tugadh sásamh iomlán agus ús lena chois (ar ráta a mheas mé a bheith réasúnach) don ghearánaí as an gcaillteanas airgid a d'fhulaing sí áfach sular cuireadh an gearán chuig an Oifig agus óir nach bhfuil sé de chead agam de réir mo shainchúraim cúiteamh breise a dhámhadh, ní raibh mé in ann seasamh leis an ngearán.

## *CÁSANNA MAIDIR LE TIONSCAL NA TÓGÁLA*

**Níl aon cheangal dlí ar a bhformhór mór d'fhostaitheoirí scéim pinsin a chur ar fail dá bhfostaithe, cé go gcaithfidh soláthraí Cuntas Coigiltis Scoir Pearsanta (CCSP) a mholadh agus asbhaintí a dhéanamh más gá. Faoi théarmaí Comhaontú Fostaíochta Cláraithe (CFC) áfach tá ceangal ar fhostaitheoirí sa tionscal tógála oibrithe tógála a chlárú i scéim pinsin (Scéim Pinsin na n-Oibrithe Tógála – SPOT de ghnáth), airgead a bhaint as luach saothair agus an asbhaint seo a íoc in éindí le ranníocaíoch an fhostaitheora leis an scéim. Is í so-**

**ghluaiseacht fostaithe ar an mórchóir san earnáil seo is cúis le cineál sainordaitheach na scéime pinsin laistigh de thionscal na tógála.**

**Mar a chuir mé in iúl sa Tuarascáil Bhliantúil tá méadú tagtha ar líon na ngearán ó oibrithe i dtionscal na tógála maidir le neamhíoc ranníocaíochta le SPOT. Bíonn cásanna simplí nár chláraigh an fostaitheoir na fostaithe ná nár baineadh airgead dá luach saothair, bíonn cásanna níos tromchúisí ina ndearnadh asbhaintí ach nár cuireadh ar aghaidh chuig an scéim pinsin iad agus sna cásanna is tromchúisí bhásaigh duine sna himthosca atá luaite thuas gan sochar báis a bheith iníoctha dá chleithiúnaithe. Cé go dtuigim na deacrachtaí a bhfuil an tionscal at tabhairt aghaidh orthu faoi láthair bhain go leor de na cásanna seo le tréimhse a raibh an tionscal thar bheith folláin. Baineadh úsáid as seifteanna éagsúla chun teacht timpeall na himscrúduithe a rinne mé – breathnaigh an Tuarascáil Bhliantúil do 2008 - ach ní oibreoidh na seifteanna sin. Mar shampla sa chás go ndéantar iarracht dliteanas a sheachaint trí chuideachta a chur faoi leachtú nó trí éirí as trádáil déanfaidh mé iarracht na Stiúrthóirí agus/nó na bainisteoirí a chur faoi dhliteanas maidir leis an bhfiachas.**

**Ina theannta sin táthar ann a d'iarr neamhaird a dhéanamh de na hiarratais a rinneadh mé ar eolas/dhoiciméadú agus sa bhrollach a scríobh mé leis an Tuarascáil Bhliantúil 2008 tugaim suntas do mhéid na dlíthíochta a rinneadh i 2008, tráth ar tugadh 16 chás os comhair na Cúirte (idir Chúirt Dúiche agus Chúirt Chuarda). Níor chaill mé cás riamh, gearradh fíneálacha, eisíodh barántais ghabhála, tugadh na doiciméid/an t-eolas a theastaigh ar aird ar deireadh thiar, go minic tar éis téarma príosúnachta a bhagairt agus dámhadh costais orm.**

**Tá na cásanna a dtugaim cásanna SPOT orthu simplí go leor sa mhéid is nach bhfuil na ceachtanna atá le foghlaim uathu nua ar fad; is den chineál céanna na cásanna a leanas agus na cásanna ar dhéileáil mé leo i 2008.**

### *Cuireadh brú ar fhostaí bheith féinfhostaithe*

I gcás eadránaithe ní raibh an gearánaí in ann a Phinsean Stáit (Ranníocach) a fháil agus chomh maith leis sin bhí sé gann ar ranníocaíochta a bhí dlite do Scéim Phinsin na nOibrithe Tógála. Léirigh sé cé go raibh sá ina fhostaí ar feadh a shaol oibre, gur chuir an fostaitheoir brú air bheith ina fhochonraitheoir (féinfhostaithe ón taobh teicniúla de) ar feadh na trí bliana deireanacha, agus bhí dliteanais cánach agus ÁSPC nach raibh réitithe.

Chuir an Oifig brú measartha ar an bhfostaitheoir agus ar deireadh thiar d'íoc sé as na ranníocaíochta trí bliana agus thug sé chun rialtachta ceist na cánach agus ceist an ÁSPC so dóigh go bhfuair an gearánaí an Pinsean Stáit ar deireadh thiar.

### *Sochar Báis Neamhíoctha – Loiceadh Fostaitheora Cinneadh a Chomhlíonadh*

Sa chás seo bhásaigh oibrí nach raibh cláraithe sa scéim. Rinne mé Cinneadh i bhfabhar an ghearánaí an fostaitheoir i gceist a chur faoi dhliteanas maidir leis an sochar báis a d'íocfaí faoin scéim ach an oibrí a bheith cláraithe inti. Cé nach ndearnadh achomharc maidir leis an gcinneadh rinne an fostaitheoir neamhaird de agus níor íoc sé. Tá an gearánaí anois ag lorg comhairle dlí chun an cinneadh a chur chun feidhme. Is é €63,500 an méid a bhí i gceist sa chás seo.

### *Sochar Báis Neamhíoctha – Íocann an Fostaitheoir*

Sa chás seo ní raibh ach €20,000 de shochar báis a bhí fós gan íoc, de bhrí gur bhásaigh an fostaí sular méadaíodh sochar na scéime; i ndiaidh dom Cinneadh a dhéanamh d'íoc an fostaitheoir an sochar.

### *Téann fostaitheoir siar ar Ghealltanas maidir le hÍocaíocht – Forfheidhmiú de dhíth*

Sa chás seo bhí méid substainteach de ranníocaíochta pinsin gan íoc ag an bhfostaitheoir thar ceann an fhostaí. Tar éis don Oifig teagmháil a dhéanamh leis d'aontaigh an fostaitheoir go n-íocfadh sé an méid a bhí fós gan íoc. Rinneadh

Cinneadh foirmeálta a tharraingt suas chun an comhaontas seo a léiriú. Níor cuireadh aon achomharc chuig an Ard-Chúirt maidir leis laistigh de 21 lá agus go deimhin ní raibh mé ag súil leis go ndéanfaí, i bhfianaise an chomhaontaithe a rinne an fostaitheoir níos luaithe.

Chinn an fostaitheoir áfach gurbh é an rud ab fhearr dó a dhéanamh éirí as trádáil (bíodh is gur dhealraigh sé nach raibh sé dócmhainneach). Thionscain an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh imeachtaí forfheidhmithe. Íoc an fostaitheoir an méid a bhí fós gan íoc sular éisteadh an cás.